




Comhairle Cathrach  
Bhaile Átha Cliath  
Dublin City Council

# Plean Corparáideach 2025-2029

Tuarascáil ar  
Dhul Chun Cinn 2025

# 2025 2029



# Clár Ábhair

## Ár Spriocanna don Chathair

Tithíocht.....	4
Comharsanachtaí agus Pobail.....	9
Fás Eacnamaíoch agus Athghiniúint Uirbeach.....	15
Soghluaisteacht agus Fearann Phoiblí.....	22
Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Sprioc Chumasúcháin Traseagraíochta.....	29

## Ár Spriocanna Cumasaithe

Sprioc Chumasúcháin Traseagraíochta.....	38
Ár nDaoine agus Ár mBealaí Oibre.....	41
Ceannaireacht Dhaonlathach.....	48
Bonn Airgeadais.....	52




# Ár Spriocanna Don Chathair



SPRIOC

**Tithe sóisialta agus inacmhainne inrochtana, sábháilte, ardchaighdeán a fhorbairt ina bhfuil daoine bródúil as cónaí iontu agus a chothaíonn pobail chónaithe bhríomhara atá imeasctha sa chathair agus a thacaíonn leo**





## Cuspóir Straitéiseach 1:

### **Soláthar tithé sóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán a luathú agus a mhéadú a thacaíonn le riachtanais éagsúla ár ndaonra atá ag fás**

Is príomhthosaíocht do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath fós é tithíocht shóisialta agus inacmhainne ardchaighdeán a sholáthar. Sa bhliain 2025, thacaigh Foireann Tithíochta na Comhairle Cathrach go rathúil le seachadadh 1,375 teach sóisialta nua ar fud na cathrach, ag obair i ndlúthchomhar le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún (GFT).

Áiríodh leis an éacht suntasach seo críochnú agus oscailt forbairtí tithíochta nua ag Stonemount, Bóthar Mhic Dháibhéid agus Teach Chluain Seach. Chiollaigh sé seo go raibh daoine aonair agus teaghlaigh ó liosta feithimh tithíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in ann bogadh isteach i dtithe nua, sábháilte, slána agus ardchaighdeán laistigh dá bpobail.

Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn láidir maidir le roinnt scéimeanna móra tithíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear tús a chur le forbairtí nua ag Gairdíní San Treasa (Dún Uabhair), Bóthar Oscair Mhic Thréinir, Montpelier (Uí Dhuibheannaigh), Sráid Dorset agus Íosbhealach Chaisleán na Croma agus maoirseacht ghníomhach déanta orthu.

Cuireadh tús le hoibreacha ar an láthair don chéad scéim tithíochta ar Cíos de réir Costais de chuid na Comhairle in Inse Chór, a bhí mar ghasprioc thábhachtach eile. Cuirfidh an fhorbairt shuntasach sin 441 teach ar cíos de réir costais nua ar fáil, agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe go luath in 2028, rud a leathnóidh rochtain ar roghanna tithíochta inacmhainne agus slána do dhaoine atá ina gcónaí sa chathair agus atá ag obair ann freisin.


# Cuspóir Straitéiseach 2:

**Easpa dídine a laghdú agus a chinntiú go gcuirtear cóiríocht agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil do dhaoine atá ag déileáil le heaspa dídine nó i mbaol easpa dídine**

Coimeádadh 1,637 teaghlach san iomlán ó dhul isteach i gCóiríocht Éigeandála sa bhliain 2025. Ba í an ÍCT do Dhaoine Gan Dídean an príomhchúis leis an gcosc i gcás 616 teaghlach agus 469 duine singil ar fud Réigiún Bhaile Átha Cliath.

D'fhág 1,350 teaghlach san iomlán Cóiríocht Éigeandála agus chuaigh siad i dtionóntacht in 2025, agus chuir an Chomhairle Cathrach 601 teaghlach (261 teaghlach agus 30 duine fásta singil) i dtithíocht shóisialta. Mhéadaigh líon na dteaghlach nua a tháinig i láthair ó mheán de 76 in aghaidh na míosa in 2024 go 88 in aghaidh na míosa in 2025, ardú gear ó na blianta roimhe sin. Thit meánlíon na ndaoine fásta singile nua a cuireadh i gcóiríocht éigeandála gach mí go 153 in 2025 ó 179 in 2024, rud atá níos dearfaí.

Mar chuid de thiomantas Fheidhmeannas do Dhaoine gan Dídean Réigiún Bhaile Átha Cliath feabhas a chur ar cháilíocht agus ar sheirbhísí atá ar fáil do theaghlaigh agus do dhaoine fásta singile atá gan dídean, d'fhostaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath conraitheoir neamhspleách agus, in 2025, rinneadh 388 Cigireacht Neamhspleách agus cigireacht gan choinne san iomlán. Tá an chigireacht mar chuid den Chreat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta arna fhorbairt ag Feidhmeannas do Dhaoine gan Dídean Réigiún Bhaile Átha Cliath.



# Cuspóir Straitéiseach 3:


## Ár dtithe a chothabháil agus a bhainistiú chun cabhrú le pobail ionchuimsitheacha a chothú a mbeidh daoine bródúil as a bheith ina gcónaí iontu

Tá stoc tithíochta de bhreis is 29,000 teach sóisialta ag an gComhairle, agus tá gá le hoibreacha athchóirithe suntasacha agus cothabháil leanúnach a dhéanamh ar go leor acu. Sa bhliain 2025, rinne an fhoireann cothabhála tithíochta deisiúcháin ar shraith coimpléasc árasán ar fud na Cathrach chun feabhas a chur ar dhálaí maireachtála na dtionóntaí.

I rith na bliana, rinneadh athchóiriú ar 93 maoin folmha chun iad a thabhairt ar ais in úsáid, agus críochnaíodh oibreacha uasghrádaithe éifeachtúlachta fuinnimh ar 321 teach, lena n-áirítear iarfheistiú iomlán fuinnimh ar Choimpléasc Árasán do Sheanóirí ag Canon Burke i gCabrach. Chomh maith leis sin, d'fhreagair an fhoireann 600 iarratas ar chothabháil ar fud 14 shuíomh lóistín don Lucht Siúil agus chuaigh siad i ngleic le níos mó ná 70,000 iarratas deisiúcháin arna gcur isteach ag tionóntaí le haghaidh cothabhála tithíochta.

Lean an fhoireann oibríochtaí tithíochta ag obair go dlúth lenár nOifigí Ceantair chun tacú le bainistíocht eastáit éifeachtach agus chun a chinntiú go ndeachaigh siad i ngleic le heachtraí iompair fhrithshóisialta go pras agus go cuí.

Rinne an fhoireann maoirseacht ar chomhlíonadh san earnáil cíosa príobháidigh freisin, agus rinne siad 7,360 cigireacht in 2025 lena chinntiú go raibh na tithe cíosa príobháideacha ag teacht le caighdeáin riachtanacha.




## BEARTA TORTHAÍ DO 2025

Líon na dtithe faoi stiúir na Comhairle Cathrach curtha i gcrích de réir tionachta	Críochnaíodh <b>1,375</b> teach ar thalamh faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Líon na dtithe faoi stiúir na Comhairle Cathrach curtha i gcrích de réir an mheascáin de mhéid na seomraí leapa	<ul style="list-style-type: none"><li>• 670 x 1-bedroom homes</li><li>• 597 x 2-bedroom homes</li><li>• 71 x 3-bedroom homes</li><li>• 2 x 4-bedroom homes</li><li>• 35 x studio</li></ul>
Líon na dtithe faoi stiúir na Comhairle Cathrach a bhfuil faomhadh pleanála faighte acu	Fuarthas cead pleanála do thithe faoi stiúir na Comhairle Cathrach sna háiteanna seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"><li>• Bóthar na hOtharlainne, Sráid Stanley (167)</li><li>• Páirc Bhaile Cora (288)</li><li>• Lána Fhoirbis (108)</li><li>• Lána an Taiscumair (171)</li><li>• Cúirt San Aindriú (33)</li><li>• Páirc an Charad (9)</li><li>• Uiscebhealaí an Chloigín Ghoirm (383)</li><li>• Cúirt Glover (53)</li><li>• Bóthar Chromghlinne / Lána an Rafter (38)</li><li>• Bóthar Bhanú (144)</li></ul>
Méid an spáis urláir neamhchónaithe a sholáthraítear mar chuid d'fhorbairt tithíochta	Seachadadh <b>1147.5m<sup>2</sup></b> de spás urláir neamhchónaithe mar chuid d'fhorbairt tithíochta ar fud Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.
Líon na dtithe de chuid Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a maoiníodh trí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Maoiníodh <b>1,242</b> teach de chuid Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta trí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 1198 tríd an tSaoráid Léasúcháin Airleacain Caipitil (SLAC) agus 44 tríd an Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC)
Líon na dtithe a fuarthas/ a léasaíodh agus a cuireadh in úsáid mar thithíocht Chomhairle (NSI)	Fuarthas / léasaíodh <b>225</b> teach agus tugadh i bhfeidhm iad mar Thithíocht Chomhairle Áitiúla <ul style="list-style-type: none"><li>• Tithe a fuarthas: 122</li><li>• Tithe ar léas: 73</li><li>• Cuid V ar léas: 34</li></ul>
Líon na dtithe folmha a cuireadh in úsáid mar thithe cónaithe	Tugadh <b>47</b> teach i bhfeidhm mar thithe cónaithe
Líon na ndaoine a d'imigh ón easpa dídine go dtí tionóntacht	D'éirigh 603 teaghlach agus <b>747</b> teaghlach duine amháin as a bheith gan dídean agus fuair siad tionóntacht
Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála 6 mhí nó níos mó (NSI)	<b>5,827</b> Duine Fásta san iomlán: <b>2,486</b> Duine Fásta i dTeaghlaigh & <b>3,341</b> Teaghlach Duine Amháin
Líon na ndaoine a bhí i mbaol a ndéan a chailliúint ach ar cuireadh cosc air	Cuireadh cosc ar <b>954</b> Teaghlach & <b>683</b> Teaghlach Duine Amháin a bheith gan dídean
Líon na cothabhála pleanáilte (lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh) curtha i gcrích	Rinneadh <b>321</b> (iarfheistiú fuinnimh) mar chuid den chothabháil phleanáilte
Líon na n-athchóirithe ar neamhní a cuireadh i gcrích	Críochnaíodh <b>913</b> athchóiriú ar mhaoine neamhnithe
Líon na dtascanna deisithe tithíochta a cuireadh i gcrích	Críochnaíodh <b>70,000</b> tasc deisithe tithíochta
Líon na dtithe a leithdháileadh ar theaghlaigh faoi mhíchumas	Leithdháileadh <b>359 teach</b> ar theaghlaigh faoi mhíchumas
Líon na laethanta ón uair a fhágtar teach go dtí an uair a ligtear ar cíós arís é (NSI)	B'ionann an aga comhlánaithe idir an uair a fágadh teach folamh agus an uair a lígeadh ar ais é in 2025 agus <b>180 lá</b>
Líon na dteaghaisí príobháideacha ar cíós a ndearnadh cigireacht orthu (NSI)	Rinneadh iniúchadh ar <b>7,360</b> áit chónaithe phríobháideach ar cíós (lena n-áirítear 10,471 <b>tionóntacht</b> )

## SPRIOC

**Líonra comharsanachtaí agus sráidbhailte rathúla a fhás ina bhfuil rochtain ag gach duine ar na háiseanna agus na seirbhísí ardchaighdeán a theastaíonn chun tacú le pobail ionchuimsitheacha agus ghníomhacha**



# Cuspóir Straitéiseach 1:

## Réimse áiseanna agus seirbhísí ardchaighdeáin ionchuimsitheacha pobail, cultúrtha, spóirt, páirceanna agus áineasa i gcomharsanachtaí ar fud na cathrach a leathnú agus a fheabhsú

Críochnaíodh roinnt áiseanna nua le linn 2025, agus chruthaigh sé sin áiseanna a bhfuil ról rithábachtach acu i saol laethúil na bpobal ar fud na cathrach. Áirítear leis sin oscailt Ionad Spóirt Uisce nua na nDugaí i Meán Fómhair 2025 agus Cearnóg an tSeachtar Laoch i mBaile Munna i mBealtaine 2025.


Seachadadh ceithre chlós súgartha nua i bpáirceanna sa chathair – Cill Dónáin, Séipéal Iosóid, Páirc Nic Amhlaí agus an Choill Mhór Thiar – rud a fhágann go bhfuil 74 chlós súgartha san iomlán i bpáirceanna na Cathrach.

Cuireadh tús le hobair athchóirithe Ionad Óige agus Pobail Dhún Uabhair agus críochnófar é i Samhradh 2027. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn suntasach ar dhearadh agus ar phleanáil ár dtrí thionscadal spóirt agus fóillíochta suaitheanta - Ionaid Fóillíochta Pháirc Chnocán Uí Dhálaigh, an Bhaile Ghaelaigh agus na Coille Móire. Críochnaíodh athchóiriú ar roinnt páirceanna uile-aimsire ar fud na cathrach le linn 2025 freisin.

Críochnaíodh athchóiriú Pháirc Chill Dónáin i bhFionnghlas agus áiríodh leis sin cruthú páirc scátála nua. Rinneadh athchóiriú ar cheithre chlós súgartha reatha freisin, agus suiteáladh luascáin atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí sna clóis súgartha i bPáirc San Anna agus i bPáirc an Athar Uí Choileáin. Cuidíonn na tionscadail sin le deiseanna súgartha ardchaighdeáin, inrochtana agus éagsúla a chruthú mar chuid dár ngealltanais faoi Straitéis Súgartha na Cathrach.

Tá Plean Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina dhara bliain anois, agus tá a chur i bhfeidhm faoi mhaoirseacht Fhochoiste Spóirt an CBS Pobail, Gaeilge, Spóirt, Ealaíon agus Cultúir. Áirítear ar na gníomhartha a cuireadh i gcrích le linn 2025:

- Ceapachán na foirne riachtanaí atá leagtha amach sa Phlean Spóirt, lena n-áirítear Oifigeach um Chur i bhFeidhm Spóirt, Oifigeach Bainistíochta Áiseanna agus beirt Oifigeach Sinsearacha Spóirt.
- Cur i bhfeidhm feachtais nua Margaíochta agus Cumarsáide do shaoráidí reatha na Comhairle Cathrach.
- Bunú Fóraim Spóirt i ngach ceann de na 5 Cheantar Riaracháin.
- Ceachtanna snámha a sheachadadh trí mheán na Gaeilge.





## Cuspóir Straitéiseach 2:

### An bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú trí chomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile agus le pobail áitiúla

In 2025, lean an Roinn Páirceanna, Bithéagsúlachta agus Tírdhreacha lena cuid oibre i gcomhar le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí, ENRanna, taighdeoirí, agus grúpaí pobail chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú ar fud na cathrach. Thacaigh Meithleacha Caomhnaithe Deonacha a tionóladh ar Oileán an Bhulla le rialú speiceas ionrach agus athchóiriú gnáthóige cósta, agus chuir tionscadail eolaíochta saoránach, amhail suirbhéanna éan, BioBlitzes agus comhaireamh pailneoirí, sonraí luachmhara éiceolaíochta ar fáil do shraitheanna sonraí fadtéarmacha.

Bhí rannpháirtíocht an phobail fós lárnach, agus chabhraigh imeachtaí lena n áirítear Sráidbhaile na Bithéagsúlachta ag Féile Rósanna San Anna, siúlóidí treoraithe crann, éan agus ialtóg, ceardlanna scoile, agus gníomhaíochtaí séasúracha le feacht a mhúscailt agus daoine a nascadh leis an dúlra. Chinntigh comhoibrithe taighde le hinstiúidí tríú leibhéal i rith 2025 go raibh gníomhartha bunaithe ar fhianaise láidir, ag tacú le bainistíocht chomhordaithe agus rannpháirtíocht phobail chun caomhnú fadtéarmach oidhreacht nádúrtha Bhaile Átha Cliath a neartú.

Lean Bithsféar UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath ar aghaidh in 2025 freisin mar chomhpháirtíocht láidir trasghníomhaireachta faoi stiúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ag obair le Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Comhlacht Chalafort Átha Cliath, Fáilte Éireann, agus líonra leathan eagraíochtaí comhshaoil agus grúpaí pobail chun sláinte éiceolaíoch Chuan Bhaile Átha Cliath a chosaint. Cuireadh tús leis an Athbhreithniú Tréimhsiúil deich mbliana chun an Bithsféar a athainmniú sa bhliain 2025, agus beidh comhairliúchán fairsing le geallsealbhóirí, grúpaí pobail, agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta i gceist leis sin sa bhliain seo chugainn chun dul chun cinn a mheas agus pleanáil a dhéanamh don chéad deich mbliana eile de bhainistíocht an Bithsféir.



## Cuspóir Straitéiseach 3:

### **Pobail chomhtháite a chur chun cinn agus a threorú trí raon de chláir agus gníomhaíochtaí ionchuimsithe shóisialta, forbartha pobail, comhionannais, aoisbháula, imeashta idirchultúrtha agus Gaeilge**

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le tionscnamh le haghaidh comhtháthú, rannpháirtíocht phobail agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn i rith 2025. I measc na bpríomhfhorbairtí bhí bunú Fhoireann Údaráis Áitiúil um Imeascadh (LAIT), atá ag feidhmiú go hiomlán anois agus ag tacú le tionscnamh comhtháthaithe ar fud na Cathrach, aththionól Fhóram Comhtháthaithe an Phobail chun tacú le hobair LAIT agus leanúint ar aghaidh le Tascfhórsa an Ard Mhéara ar Chomhtháthú.

Leanadh le seachadadh an Clár Aoisbhách ar fud na gcúig réimse riaracháin atá faoi mhaoirseacht an Comhaontas Aoisbhá agus na 5 Chomhairle do Dhaoine Scothaosta atá bunaithe ar Cheantar.

Lean Comhpháirtíocht na Comhairle Cathrach le AsIAM ar aghaidh tríd an Tionscnamh um Chathair atá Oiriúntach don Uathachas atá againn, agus tacaíodh earcú Oifigigh atá Oiriúntach don Uathachas leis sin, oifigeach chun Plean Gníomhaíochta na Cathrach atá Oiriúntach don Uathachas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Dáileadh thart ar €11.5m i gcláir mhaoinithe, a seachadadh i gcomhpháirtíocht leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (RFTPG), an Roinn Sláinte, agus gníomhaireachtaí Rialtais eile.

I mí an Mhárta 2025, fógraíodh comhaontú maoinithe €4.5m le RFTPG ina mbeidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gceannas ar chur i bhfeidhm réigiúnach chlár Gaeilge365 ar fud Bhaile Átha Cliath. Cuireann an infheistíocht sin an struchtúr riachtanach ar fáil chun an tionchar a mhéadú i dtreo na sprice de 100,000 rannpháirtíocht faoi dheireadh 2027 agus tacaíonn sí leis an sprioc uile-chontae de 150,000 deis rannpháirtíochta breise sa Ghaeilge faoi dheireadh 2028.



## Cuspóir Straitéiseach 4:

### Carachtar uathúil agus cultúir éagsúla Bhaile Átha Cliath a cheiliúradh chun muintearas agus bród a chothú sa chathair

Glacadh leis an bPlean Forbartha nua do Leabharlanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Leabharlanna gan Cheangal 2025-2029, ag a chruinniú i mí na Samhna 2025. Ullmhaíodh an plean i ndiaidh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin phoiblí agus rinneadh measúnú air i gcoinne Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Bronnadh an tríochadú Dámhachtain Líteartha Bhaile Átha Cliath Bhliantúil go rathúil, agus fógraíodh an teideal a bhuaigh, *The Adversary* le Michael Crummy, ag Féile Idirnáisiúnta Litríochta i mí na Bealtaine 2025.

Rinneadh ceiliúradh ar an bhfichiú feachtas bliantúil *One Dublin One Book* le díolaim a choimisiúnú go speisialta – *Dublin, Written in Our Hearts* agus clár lán imeachtaí i mí Aibreáin.

Thug an tríú Féile Staire Bhaile Átha Cliath bhliantúil déag breis is 250 imeacht saor in aisce chuig an gcathair, ag tosú leis an Deireadh Seachtaine Mór i Seomra Róin Theach an Ard-Mhéara inar ghlac go leor staraithe Éireannacha agus idirnáisiúnta sárdhíola páirt.

Tá tionscadal Cheathrú Chultúrtha Chearnóg Parnell (CCCP) (céim 1) ar siúl. Tá Leabharlann na Cathrach curtha ar aghaidh go Céim 3 den phróiseas tairisceana.

Ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le Plean Straitéiseach Ghailearaí Hugh Lane 2025-2029 i mí na Nollag 2025 agus cinntíonn sé go bhfanfaidh an Gailearaí ábhartha agus rannpháirteach lena lucht féachana le linn dúnadh fisiceach agus athchóiriú an Ghailearaí mar chuid de Thionscadal Chearnóg Parnell.

Leagann Plean Forbartha Ealaíon Chathair Bhaile Átha Cliath 2025-2029 béim ar chur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí agus ar dheiseanna a chur i bhfeidhm don éagsúlacht agus do ghrúpaí imeallaithe i soláthar Ealaíon. Ba réimse fócais rithabhachtach d'Oifig Ealaíon agus do CBS don Phobal, Gaeilge, Spóirt, Ealaíona agus Cultúir do 2025 é leathnú agus soláthar spásanna oibre d'ealaíontóirí agus d'ionaid ealaíon agus chultúir.

Bronnadh Gradam 'Comhpháirtíocht Mhór Ealaíon' de chuid Business to Arts ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ar Xestra Asset Management i Meán Fómhair 2025 mar aitheantas ar ár gcur chuige nuálach maidir le 12 spás oibre nua d'ealaíontóirí a fhorbairt ag Plás Ard Aidhin mar chuid den Tionscnamh Spáis chun Cruthú.

Ceadaíodh cead Cuid 8 ag deireadh 2025 freisin chun Eaglais San Werburgh a athchóiriú

mar ionad cultúir, ag tacú le cuspóir na Comhairle Cathrach infhaighteacht spásanna cultúir i mBaile Átha Cliath a leathnú ar fud Bhaile Átha Cliath. Cuireann an infheistíocht sin an struchtúr riachtanach ar fáil chun an tionchar a mhéadú i dtreo na sprice de 100,000 rannpháirtíocht faoi dheireadh 2027 agus tacaíonn sí leis an sprioc uile-chontae de 150,000 deis rannpháirtíochta breise sa Ghaeilge faoi dheireadh 2028.


## BEARTA TORTHAÍ DO 2025

Cuid den daonra laistigh de shiúlóid, rothaíocht nó nasc iompair phoiblí 15 nóiméad ónár seirbhísí agus ár n-áiseanna	Cuireadh tús leis an mapáil i rith 2025 agus déanfar dul chun cinn ar an obair sa bhliain atá romhainn.
Méadú 5% ar úsáid áiseanna Spóirt agus Fóillíochta faoi úinéireacht na Comhairle Cathrach	Taifeadh <b>1,756,904</b> duine ag baint úsáide as an ionad spóirt le linn 2025.
Méid na spásanna pobail, ealaíon agus cultúrtha a chuirtear ar fáil mar chuid d'fhorbairtí ar mhórsála faoi fhoráil 5% den Phlean Forbartha Cathrach (CUO25)	Sa bhliain 2025, deonaíodh thart ar <b>14,589m<sup>2</sup></b> de spás cultúir pobail chruthaigh i bhforbraíocht nua.
Líon méadaithe spásanna oibre d'ealaíontóirí trí mheascán de sholáthar earnála príobháidí agus poiblí (Sprioc: 200)	Cuireadh <b>12 spás oibre nua d'ealaíontóirí</b> ar fáil i bPlás Ard Aidhin le linn 2025.
Úsáideoirí cláraithe Leabharlann méadaithe in aghaidh an duine (NSI)	Beidh eolas ar fáil nuair a bheidh an CNMI críochnaithe
Méadú ar chlúdach ceannbhrait crann na Cathrach	Tá Páirceanna, Bithéagsúlacht agus Tírdhreach ag cur 3,000 go 5,000 crann in aghaidh na bliana. Sa bhliain 2017, léirigh Suirbhé ar Cheannbhrat Crann go raibh clúdach ceannbhrat 10.2%. Táimid i mbun Suirbhé nua ar Cheannbhrat Crann a eagrú a ligfidh dúinn ár ndul chun cinn a mheas i gcomparáid le 2017.
Céatadán na scoileanna áitiúla atá páirteach i gComhairle na nÓg Chathair Bhaile Átha Cliath (NSI)	Tá <b>11.6%</b> de na scoileanna áitiúla páirteach i gComhairle na nÓg Chathair Bhaile Átha Cliath
Líon na n-eagraíochtaí ar an gclár agus an méid a roghnaigh a bheith mar chuid den Choláiste um Ionchuimsiú Sóisialta i Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath (NSI)	Tá <b>940</b> grúpa ball gníomhach ag Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath (LRP) faoi láthair agus tá <b>249</b> de na grúpaí mar chuid den Cholún um Ionchuimsiú Sóisialta.
Deiseanna nua chun Gaeilge a labhairt cruthaithe (sprioc 100,000 faoi dheireadh 2027)	Chruthaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath <b>32,641</b> deis nua Gaeilge a labhairt ar fud Bhaile Átha Cliath trí obair Gaeilge365 & BÁC le Gaeilge!



## SPRIOC

**Forbairt agus athghiniúint réigiún na cathrach agus a gheilleagar a threorú ionas go mbeidh Baile Átha Cliath ag feidhmiú mar cheann de na réigiúin chathrach is inbhuanaithe, is fuinniúla agus is seiftiúla san Eoraip**





## Cuspóir Straitéiseach 1:

**Forbairt agus fás spásúlachta leanúnach Bhaile Átha Cliath a threorú, agus cáilíocht na beatha, iomaíochas eacnamaíoch, oidhreacht chultúrtha agus athléimneacht chomhshaoil a fheabhsú ag an am céanna**

Lean an Chathair ag fás, mar a léiríonn meastachán daonra Chathair agus Chontae Bhaile Átha Cliath ón Phríomh-Oifig Staidrimh. Léiríonn sé sin treocht i dtreo líon méadaitheach daoine atá ina gcónaí i gceantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath os cionn na méaduithe réamhaisnéise, rud a thacaíonn le cuspóirí fadtéarmacha an Phlean Chorpáraíidigh. Tacóidh sé sin le fás cathrach dlúth, le beocht uirbeach, agus le tuilleadh fáis eacnamaíoch mar aon le héilimh bhreise ar sheirbhísí sa chathair.

Rinne an Rialtas athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála i mí Aibreáin 2025, agus ina dhiaidh sin eisíodh ceanglais nua maidir le fás tithíochta le Treoirínte ón Aire i mí Iúil. D'fhreagair an Chomhairle Cathrach trí shraith uailmhianach d'athruithe beartaithe ar Phlean Forbartha na Cathrach a leagan amach chun tailte breise a thabhairt chun cinn le haghaidh tithíochta ar fud na cathrach. Cuireadh tús le dhá cheann de na hathruithe beartaithe seo in 2025: athrú uimhir 9 Máistirphlean Dhroichead Broome-Hamilton, agus athrú uimhir 10 Máistirphlean na Coille Móire, le hacmhainn tithíochta comhcheangailte de 13,800 teach.

Rinneadh na hathruithe seo a leanas ar Phlean Forbartha na Cathrach in 2025;

- Athrú Uimhir 6 de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028 maidir le Tailte ag Uimhir 1 Teach na Canálach Ríoga, Páirc na Canálacha Ríoga, Baile Pheiléid, Baile Átha Cliath 15.
- Athrú Uimhir 7 de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028 maidir le Tailte ag 16 - 23 Lána na hUillinne Thiar, Baile Átha Cliath 8.
- Athrú Uimhir 8 de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028 maidir le hainmniú tailte ag Gairdíní Uíbh Eachach agus a gCeantar Máguaire, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12 mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta.

# Cuspóir Straitéiseach 2:

## Geilleagar cliste, glas, bunaithe ar nuálaíocht a chomhchruthú sa réigiún cathrach trí chomhoibriú lenár gcomhpháirtithe eacnamaíocha agus turasóireachta

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise náisiúnta na hÉireann 2025–2028 tiomantas soiléir chun geilleagar iomaíoch, athléimneach agus inbhuanaithe a thógáil. Comhtháthaíonn sé beartas fiontraíochta agus turasóireachta agus cuireann sé béim láidir ar nuálaíocht, dícharbónú, digitiú agus comhoibriú réigiúnach feabhsaithe ag an am céanna. Léiríonn seasamh Bhaile Átha Cliath i measc na príomhbhraislí nuálaíochta domhanda, mar a shaináithnítear i Monatóir Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath (Eagrán 43, Nollaig 2025), an dul chun cinn atá déanta maidir le timpeallacht fáis faoi threoir na nuálaíochta a chothú.

D'fhan feidhmíocht fostaíochta láidir ar feadh 2025, agus shroich margadh saothair Bhaile Átha Cliath na leibhéil is airde — thart ar 837,700 post in R2 agus ag ardú go 844,100 in R3 — ach laghdaigh luas an mhéadaithe agus mhéadaigh an dífhostaíocht go mall, rud a léirigh tréimhse fáis chobhsaí ach measartha. Neartaigh feidhmíocht mhiondíola in R3 2025 freisin, agus mhéadaigh innéacs miondíola Bhaile Átha Cliath 1.1% ráithe ar ráithe chun 150.1 a bhaint amach, rud a léirigh athléimneacht leanúnach i gcaiteachas tomhaltóirí, de réir an Mhonatóra chéanna.

Ba bhliain eisceachtúil í 2025 d'Oifig Fiontair Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath, toisc go raibh tionchar fíor agus intomhaiste aici ar phobal na ngnólachtaí beaga ar fud na Cathrach.

Mar thacaíocht dhíreach do Chuspóir Straitéiseach 2, d'oibrigh an OFÁ chun geilleagar áitiúil faoi threoir na nuálaíochta, glas agus atá inniúil go digiteach a thógáil, agus áiríodh leis sin breis is 14,000 chéad rannpháirtíocht le fiontair bheaga agus mheánmhéide trína sheirbhís chomhairleach Siopa Céad Stad. Cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil do níos mó ná 85 gnólacht luathchéime agus micrea-ghnólacht, rud a chruthaigh 174 post nua — cuidiú inláimhsithe le seasamh Bhaile Átha Cliath mar cheann de na braislí nuálaíochta is mó san Eoraip. Fuair 3,483 gnólacht oiliúint i réimsí lena n-áirítear intleacht shaorga, cibearshlándaíl, margaíocht agus bainistíocht airgeadais i rith na bliana, agus ghlac 521 fiontraí páirt sa chlár Do Ghnó Féin a Chur ar Bun. Chríochnaigh 198 gnólacht eile oiliúint Forbartha Bainistíochta agus Ceannaireachta, agus cuireadh 1,476 uair an chloig meantóireachta ar fáil ar fud na Cathrach.

Mhéadaigh Líonra Mná i mbun Gnó an OFÁ go 273 ball agus, den chéad uair, reáchtáil siad imeacht réigiúnach thar ceann na gceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath, arna sheoladh ag an Aire Peter Burke. Chuaigh tacaíochtaí comhairleoireachta glasa agus digiteacha chomh fada le 126 gnólacht, agus chuir Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla tiomnaithe leis, toisc gur chabhraigh sí le gnólachtaí a n-iomaíochas, a gcáilíochtaí inbhuanaitheachta agus a gcumas digiteach a fheabhsú.





## Cuspóir Straitéiseach 3:

**Díriú ar bhonn réamhghníomhach ar athghiniúint, forbairt agus athúsáid na talún agus na bhfoirgneamh ar fud na cathrach chun a chinntiú go mbeidh sráideanna agus comharsanachtaí na cathrach bríomhar agus lán beochta**

D'fhan gníomhaíocht forbartha cónaithe láidir, agus tugadh cead pleanála do 1,725 aonad cónaithe in 2025. Faoi dheireadh na bliana 2025, tá cead i bhfeidhm do 27,224 aonad cónaithe, agus tá cinneadh maidir le 3,949 aonad eile ar feitheamh le haghaidh iarratais phleanála. Tá iomlán carnach de 13,063 cead gníomhach á dtógáil ar 67 suíomh gníomhach sa chathair as na 27,224 aonad a bhfuil cead tugtha dóibh, rud a léiríonn píblíne le haghaidh seachadadh tithíochta.

Nearthaigh an fuinneamh i seachadadh tithíochta níos mó le linn 2025, de réir mar a thacaigh ardú suntasach i líon na bhfoirgneamh a críochnaíodh leis sin, agus dheimhnigh figiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh gur mhéadaigh líon na n áiteanna cónaithe nua a críochnaíodh le linn 2025 go dtí 4,521 aonad san iomlán. Is é sin an ráta seachadta is airde sa chathair le breis agus deich mbliana.

Foilsíodh an Máistirphlean Dhroichead Broome sa bhliain 2025 agus meastar go ndéanfar é go luath in 2026 trí athrú ar Phlean Forbartha na Cathrach. Is limistéar athghiniúna straitéiseach don chathair é seo, agus tá acmhainn 8,500 teach ann i bpobal inbhuanaithe atá faoi stiúir phlean.

Foilsíodh an Máistirphlean Imeall na Cathrach / na Coille Móire in 2025 mar athrú beartaithe ar Phlean Forbartha na Cathrach; cuirfidh sé seo acmhainneacht athghiniúna ar fáil ar thailte straitéiseacha atá tearcúsáidte faoi láthair. Rinneadh dul chun cinn ar obair theicniúil/bheartais don Máistirphlean don Cheantar Forbartha agus Athghiniúna Straitéisí ar Shráid San Werburgh.

Le linn 2025, rinneadh 635 cigireacht ar láithreáin thréigthe; Seirbheáladh 117 fógra láithreáin thréigthe; Baineadh 21 suíomh de Chlár na Láithreán Tréigthe, lena n-áirítear suíomhanna a cuireadh in úsáid arís, agus fuarthas 13 iarratas faoin Tionscnamh Cathrach Beo (TCB) in 2025 agus ceadaiodh 4 cinn díobh.



## Cuspóir Straitéiseach 4:

**Athbheochan lár na cathrach a threorú chun príomhchathair a chruthú atá sábháilte, inrochtana, glan agus bisiúil i rith an lae agus na hoíche, a mbeidh an tír ar fad bródúil aisti**

Leanadh le cur i bhfeidhm “10 Mórhearta” Thascfhórsa Lár na Cathrach i rith 2025, lena n-áirítear tionscadail athghiniúna, idirthréimhseacha agus gníomhachtaithe.

Rinneadh dul chun cinn ar ghníomhartha maidir le folúntais agus tithe tréigthe a dhíríodh ar lár na cathrach trí chigireachtaí, forfheidhmiú agus tionscnaimh athúsáide.

Sa bhliain 2025, roimh bhunú an Aonaid Bainistíochta Tionscadail Eatramhach, tá réimse tionscnamh réimse phoiblí agus gníomhachtaithe curtha chun cinn ag Oifig Chomhordaithe na Cathrach, mar atá leagtha amach thíos:

- Oibreacha Feabhsúcháin ar Réimse Poiblí Shráid Thalbóid: Críochnaithe Eanáir 2025
- Íosbhealach Stáisiún Uí Chonghaile: Coincheap an Deartha forbartha
- Clár Grá do na Bóithríní
  - Lána Cole agus Lána an Talbóidigh: Críochnaithe
  - Lána San Aindrias agus Lána Mabbot: Tosaithe
  - Cúirt an Dáma: Pacáiste Tairisceana ullmhaithe agus Plean Cumarsáide do na Comhaltai Tofa forbartha.
- Bhí Tionscadail Saincheaptha do Throscán Sráide ar siúl, agus tionscadal Rae Mhuirfean agus Shráid Chéipil críochnaithe agus tionscadal nua ar Shráid Uí Chonaill tosaithe
- Tharla gníomhaíocht bheag sráide ar Shráid Uí Chonaill agus sna ceantair máguaird do Lá Fhéile Vailintín, Lá na Máithreacha agus an Nollaig. Fuair suiteálacha nua ag an Nollaig aiseolas dearfach ó ghnólachtaí agus ón bpobal. 29 Chomh maith leis sin, chuir clár Samhradh i mBaile Átha Cliath 2025 cúig dheireadh seachtaine de ghníomhaíochtaí ar fud na cathrach ar siúl i mí Iúil agus i mí Lúnasa i dtuaisceart agus i ndeisceart na cathrach araon

- Tá Scéimeanna Feabhsúcháin Aghaidheanna Siopaí ar siúl freisin, chun cabhrú le gnólachtaí cuma a n-aghaidheanna siopaí a uasghrádú.

Seachadadh gníomhachtaí agus imeachtaí lár na cathrach a thacaíonn le méadú ar líon na ndaoine a thagann chuig an gcathair agus úsáid leathnaithe a bhaint as lár na cathrach sa tráthnóna agus san oíche.

Lean Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de bheith ag cur Straitéis Geilleagair Oíche Chathair Bhaile Átha Cliath chun cinn le linn 2025, faoi threoir a trí phríomhghné de Chultúr, Iompar agus Sábháilteacht, agus léirítear iad sin go léir sa Phlean Corparáideach.

Tacaíodh le breis is 200 imeacht i rith na bliana thar an gcultúr, agus ghin sé freastal de bhreis is 200,000 agus chabhraigh sé le tairiscint tráthnóna agus oíche na cathrach a leathnú trí fhéilte, gníomhachtaí agus cláreagrú After Dark.

Maidir le hiompar, leanadh leis an obair chun feabhas a chur ar nascacht dhéanach san oíche, agus ag an am céanna seirbhísí iompair phoiblí déanach san oíche reatha agus tionscnaimh a thacaíonn le rochtain a fháil ar lár na cathrach agus ar ais uathu a chur chun cinn.

Maidir le sábháilteacht, chuir tabhairt isteach Zón Cabhrach Oícheanta i mBaile Átha Cliath, ar a dtugtar An Nee-Naw, seirbhís leasa agus tacaíochta leighis déanach san oíche ar fáil i lár na cathrach. Le chéile, thacaigh na gníomhartha sin le cathair níos sábháilte, níos inrochtana, níos cuimsithí agus níos bríomhaire san oíche.

Léirigh timpeallacht mhiondíola Lár Chathair Bhaile Átha Cliath feabhas soiléir in 2025, tacaíthe ag fianaise mhargaidh a foilsíodh i dtuarascálacha tráchtála iomadúla. Deimhníonn Forbhreathnú 2025 Lisney gur thit na folúntais ar Shráid Grafton go 6.4% (síos ó 7.7% sa bhliain roimhe sin), agus Sráid Anraí/Sráid Mhuire ag 12.9% i measc éileamh láidir ó mhiondíoltóirí idirnáisiúnta nua agus atá ag leathnú, rud a léiríonn athrú dearfach i leibhéal áitíochta na bpríomhshráideanna.

Thuairiscigh CBRE go raibh leibhéal áitíochta ag ardú, go raibh líon na gcustaiméirí ag méadú, agus go raibh cíosanna miondíola ag ardú ar Shráid Anraí agus ar Shráid Grafton araon, rud a léiríonn tuilleadh téarnaimh i ngníomhaíocht mhiondíola fhisiciúil ar fud lár na cathrach. Bhí rannpháirtíocht chultúrtha láidir fós, le slua mór den phobal i láthair ag mórimeachtaí séasúracha amhail lasadh soilse Nollag Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2025.



## BEARTA TORTHAÍ DO 2025

Méadú ar an daonra a chónaíonn ar fud na cathrach agus go háirithe i lár na cathrach

De réir fhigiúr Aibreán 2025 ón Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ba é 1,568,000 daonra Chathair agus Chontae Bhaile Átha Cliath. Ag baint úsáide as an gcéatadán roimhe seo den daonra, meastar go bhfuil daonra cheantar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag 642,880. Is méadú suntasach é sin, agus sháraigh sé réamh mheastachán ard daonra 625,000 i gcroístraitéis Phlean Forbartha na Cathrach do 2026.

Rátaí Fostaíochta agus Dífhostaíochta do Bhaile Átha Cliath

D'ardaigh fostaíocht iomlán faoi 7K go 840K bliain ar bhliain. Ráta dífhostaíochta in R3 5.4% (CSO)

Athrú ar Innéacs Bainisteoirí Ceannaigh Gnó Dhomhanda do Bhaile Átha Cliath

Thit sé ó 54.7 in R4 2024 go 53.2 in R4 2025 ach, thar aon rud eile, tá sé fós go furasta os cionn an mhairc 50, rud a léiríonn go leanann gníomhaíocht eacnamaíoch i mBaile Átha Cliath ag leathnú (S&P Global)

Caiteachas iomlán ar fhorbairt eacnamaíoch (NSI)

Beidh eolas ar fáil nuair a bheidh an CNMI críochnaithe

Athrú ar an treocht Caiteachais Miondíola do Bhaile Átha Cliath

Léiríonn Mastercard gur mhéadaigh díolacháin mhiondíola foriomlána faoi 3.7% bliain ar bhliain in R3 2025, agus léiríonn gach catagóir, seachas Siamsaíocht, fás bliain ar bhliain

Líon láithreán/foirgnimh na Comhairle Cathrach a cuireadh ar ais in úsáid tháirgiúil

Baineadh suíomh amháin de chuid na Comhairle Cathrach, ag iar-Pháirceanna Peile Boys Brigade, Baile Átha Cliath 8, den Chlár Láithreán Folamh in 2025, agus tá tús curtha le hoibreacha forbartha suímh. Baineadh 21 Láithreán Tréigthe den chlár agus tugadh 4 cinn díobh ar ais in úsáid ag an gComhairle Cathrach.

Líon na n-aonad cónaithe ceadaithe

Deonaíodh cead planála do 1,725 aonad in 2025. Tá cead planála píblíne i bhfeidhm do 27,224 aonad, agus is árasáin iad 98.3% díobh agus tá 3,949 aonad beartaithe á mbreithniú ó R4 2025.

Líon na n-áitreabh nua tosaithe agus críochnaithe maidir le spriocanna soláthair titheochta

Is é 6,690 in aghaidh na bliana sprioc Sholáthar Tithíochta Chroístraitéis an Phlean Forbartha don chathair. Ag deireadh 2025 bhí 4,521 aonad críochnaithe agus 13,063 á dtógáil (R4 2025).

Rátaí folúntais miondíola do Shráid Grafton agus Sráid Anraí ar bhonn bliantúil

3% (CBRE)

Líon na gcustaiméirí ag mórimeachtaí na Cathrach agus ag imeachtaí arna n-éascú ag an gComhairle Cathrach


D'fhreastail 1,981,404 duine ar mhórimeachtaí faoi stiúir nó faoi thacaíocht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Dearcadh feabhsaithe saoránach agus meon an phobail i leith lár na cathrach

I mí na Bealtaine 2025, léirigh YDYM go mbeadh 55% de na freagróirí bródúil as Baile Átha Cliath a thaispeáint do thurasóir, an méid céanna le 2023, ach tá méadú tagtha ar dhearfacht i measc na ndaoine níos óige ná 35 bliain d'aois agus laghdú ar na daoine níos sine ná 65 bliain d'aois. Leag Suirbhé ar Mheon na Saoránach béim ar an dearcadh atá againn i leith lár na cathrach agus pléadh iompar frithshóisialta, tréigean agus folúntas, agus an réimse poiblí. Bhí dearcadh íseal (21%) ann go raibh Baile Átha Cliath ina chathair ghlas, ach creideann 49% de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu go bhfuil páirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath de cháilíocht mhaith.

SPRIOC

**Cathair ghlan, ghlas,  
shláintiúil, shábháilte, dea-  
nasctha a chruthú agus a  
chothabháil le ríocht phoiblí  
bhríomhar ar féidir le gach  
duine taitneamh a bhaint  
aisti**



# Cuspóir Straitéiseach 1:

## Ceann de na cathracha is glaine san Eoraip a chruthú trí ghníomhaíocht éifeachtach agus nuálach maidir le bainistiú dramhaíola agus forfheidhmiú comhshaoil

Mar fhreagra ar an bhfás suntasach i ngníomhaíocht eacnamaíoch laistigh den chathair, d'fhorbair Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola Straitéis chuimsitheach Trí Cholún. Is é an aidhm atá leis ná glaineacht ár dtimpeallachta uirbí a fheabhsú sna blianta amach romhainn, agus is é an sprioc atá acu ná go mbeadh Baile Átha Cliath ar cheann de na “cathracha is glaine san Eoraip”.

Baineann an straitéis trí cholún leas as na rannóga agus na cumhachtaí rialála go léir laistigh den roinn. Tá tionscadail agus tionscnaimh beartais i ngach colún den straitéis, agus tá sé mar aidhm acu go léir cathair níos glaine a sholáthar.

### Colún 1 - Feabhsuithe Oibríochta

- Earcaíodh 100 ball foirne oibríochtúil breise chun oibriú ar fud na cathrach
- Méadaíodh an limistéar glantacháin 24 uair sa lá go suntasach sa cheantar tráchtála
- Feabhsaíodh cumas níocháin sráideanna le soláthar feithiclí níocháin sráide nua agus nuálacha
- Infheistíocht shuntasach i bhflít nua


### Colún 2 - Forfheidhmiú agus Athrú Rialála

- Earcaíodh 6 mhaor bruscair bhreise
- Ullmhaíodh leabhrán míniúcháin nua maidir le Fodhlíthe a sheolfar chuig gnólachtaí
- Úsáid ceamaraí TCI agus cur i bhfeidhm na scéime clárúcháin aisiompaithe
- Baineadh limistéar maolaithe málaí agus suiteáladh dlúthóirí ar na sráideanna, rud a fhágann go mbaintear 1,000 mála dramhaíola de shráideanna na cathrach gach oíche

### Colún 3 Feachtais Frithbhruscair

- Seoladh Feachtas um Chosc agus Feasacht ar Bhruscar i mí Lúnasa 2025, agus léirigh sonraí ar thoradh an fheachtais go bhfuil dearcadh feabhsaithe ann, i gcoitinne, maidir le cathair níos glaine.






## Cuspóir Straitéiseach 2:

**An ríocht poiblí a chothabháil agus a athnuachan chun tacú le héascaíocht ghluaiseachta, spásanna poiblí taitneamhacha a chruthú atá uathúil do Bhaile Átha Cliath, agus chun ár gcathair a dhéanamh sábháilte agus inrochtana do chách**

Sa bhliain 2025, rinne tionscadal Forbair Faiche an Choláiste dul chun cinn suntasach ón gcoincheap go dtí an dearadh mionsonraithe luath, agus thacaigh rannpháirtíocht poiblí fhairsing leis. Tógfar ar an obair a rinneadh i rith na bliana chun an fhís a bhunú agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt in 2026, nuair a chuirfear iarratas pleanála foirmiúil isteach.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an uasghrádú ar an réimse poiblí ar Shráid Anna Theas agus Shráid an Diúic. Tá sé mar aidhm ag na tionscail sin athbheochan a dhéanamh sa cheantar agus inrochtaineacht, insiúltacht agus spásanna sóisialta a fheabhsú agus is cuid iad de Phlean Feabhsúcháin Réimse Poiblí Ceathrú Shráid Grafton.

Chuir Seirbhísí Cothabhála Bóithre an Clár Oibreacha Bliantúil 2025 i gcrích ag cothabháil bóithre agus cosán ar fud na cathrach. I gcomhar leis na gníomhaíochtaí cothabhála pleanáilte, dheisigh na foirne thart ar 4,400 locht sa réimse poiblí freisin.



## Cuspóir Straitéiseach 3:

**Timpeallacht inrochtana ísealtrácha a sholáthar sa chathair chun iompar poiblí, taisteal gníomhach agus feabhsuithe ar an ríocht phoiblí a chumasú**

Rinneadh saor ó thrácht de Shráid na Parlaiminte go buan in 2025 mar chuid de Phlean Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Cuireann an scéim sin le rath Shráid Chéipil agus cuireann sí timpeallacht siúil agus rothaíochta níos sábháilte agus níos taitneamhaí ar fáil.

Ó baineadh trácht feithiclí den tsráid, tá méadú 30% tagtha ar líon na gcoisithe agus méadú 60% ar líon na rothaithe. Tá an t-aiseolas ó ghnólachtaí sa cheantar den scoth, agus tuairiscítear go bhfuil méadú tagtha ar láimhdeachas.

# Cuspóir Straitéiseach 4:

**An bealach a mbíonn daoine ag siúl, ag tiomáint agus ag rothaíocht sa chathair a athrú ó bhonn trí Líonra Taistil Ghníomhaigh a chruthú a fheabhsaíonn rochtain, nascacht agus comhtháthú sóisialta do chách**

Chríochnaigh Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh cúig scéim taistil ghníomhaigh in 2025, rud a chuir 4.4km breise de Bhonneagar Taistil Ghníomhaigh leis an gcathair. Tá an líonra iomlán méadaithe anois go 38.8km, agus tá 63km ag céim an deartha faoi láthair.


- Críochnaíodh agus osclaíodh go hoifigiúil cuid de Shlí Rothar na Life (Cé Sheirse go Cé Aston) ag an Ard-Mhéara an 27 Feabhra.
- Críochnaíodh agus osclaíodh go hoifigiúil Glasbhealach na Dothra – Ascaill an Bhiataigh go Páirc Hoirbeird ag an Ard-Mhéara an 12 Meán Fómhair.
- Críochnaíodh Céim 3 de Ghlasbhealach na Canálach Ríoga agus osclaíodh go hoifigiúil é ag an Ard-Mhéara an 26 Meán Fómhair.

Tá clár athsholáthair mullaird tosaithe ag an bhFoireann Taistil Ghníomhaigh, ag tosú le Sráid Nassau agus Sráid Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Tá dhá cheann de na tionscadail atá críochnaithe mar chuid de Líonra Glasbhealaí 38 km na cathrach. Go háirithe, ciallaíonn críochnú Céim 3 de Ghlasbhealach na Canálach Ríoga go bhfuil an Glasbhealach ar fad laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath inúsáidte. Ceanglaíonn scéim Glasbhealach na Dothra – Ascaill an Bhiataigh dhá chuid den Dothra a bhí scoilte ag an ngréasán bóithre a raibh trácht trom air. Cuireann críochnú cuid Cé Sheirse go Cé Aston na Life feabhas ar an nascacht feadh na gcodanna de Shlí Rothar na Life a críochnaíodh roimhe seo. Tá cuma ag teacht ar an líonra, agus cuireadh tús le tógáil ar chuid eile den Dothra, Sráid an Droichid go Bóthar Dhroichead Londan (trí Ché Mhic Liam) i mí Dheireadh Fómhair 2025.

As na 63km atá ag céim an deartha faoi láthair, rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2025, agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar roinnt scéimeanna tosaíochta trí phróiseas an deartha freisin. Áiríodh leis sin forbairt leanúnach ar dhá chuid eile de Ghlasbhealach na Dothra ag Bóthar Bhaile an Mhuilinn agus ó Bhóthar Dhomhnach Broc go Bóthar Chluain Sceach. Rinneadh dul chun cinn freisin ar obair dhearaidh ar thionscadail thábhachtacha eile feadh an Líonra Taistil Ghníomhaigh, amhail an Cuarbhóthar Thuaidh – Sráid Dorset go Sráid Amiens agus Scéim Feabhsúcháin Sráidbhaile Fhionnghlaise.

Ag féachaint chun tosaigh, meastar go mbogfaidh roinnt de na tionscadail tosaíochta sin chuig céim na tairisceana tógála in 2026, ag cur leis an obair ullmhúcháin a críochnaíodh le linn 2025.





## Cuspóir Straitéiseach 5:

**Aistriú na seirbhísí uisce go hUisce Éireann a thabhairt chun críche agus rannpháirtíocht leanúnach a chinntiú chun fás eacnamaíoch na cathrach a éascú**

Sa bhliain 2025, cuireadh aistriú Seirbhísí Uisce chuig Uisce Éireann i gcrích, agus tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú anois faoi Mháistir Chomhaontú chun leanúnachas na seirbhíse a chinntiú le linn na hidirthréimhse.

Tá athshannadh foirne fós ar siúl, agus tá thart ar 120 ball foirne ag tacú le feidhmeanna a bhaineann le huisce faoi láthair. Tá an líon sin ag laghdú de réir a chéile de réir mar a athlonnaítear baill foirne laistigh den Chomhairle nó a aistrítear chuig Uisce Éireann iad, rud a chinntíonn go bhfuil aistriú bainistithe agus coinneáil saineolais rithábhachtach ann.

Leanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de bheith ag feidhmiú faoin Máistir-Chomhaontú Comhoibríthe go dtí mí na Nollag 2026, agus tá sí ar an mbóthar ceart chun Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce a fhágáil go hiomlán faoi dheireadh na bliana 2026, i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta.

## BEARTA TORTHAÍ DO 2025

Feabhas a chur ar aicmiú na gceantar a bhí neamhthruaillithe/saor ó bhruscar/beagán truaillithe (NSI) nuair a rinneadh suirbhé orthu

Tuairiscíodh i dtorthaí suirbhé IBAL a foilsíodh i mí Eanáir 2026 gur “chuir forbairtí le déanaí sa chóras glantacháin sa chathair feabhas mór ar thoradh IBAL”, agus gur thuill na príomhshráideanna siopadóireachta an grád bruscair is airde”. Meastar go raibh lár na cathrach lán le bruscar. Tuairiscíodh an rud céanna i gcás Oirthuaisceart Lár na Cathrach, áit ar thuairiscigh IBAL toradh i bhfad níos fearr. Cé go ndéantar na suirbhéanna seo ag tráth áirithe, léiríonn na torthaí dearfacha na feabhsuithe a tugadh isteach chun cathair níos glaine a sholáthar.

Dearcadh feabhsaithe saoránach ar chathair ghlan

Léirigh Suirbhé ar Mheon na Saoránach nach measann 55% de na freagróirí go bhfuil Cathair Bhaile Átha Cliath glan, agus gur fhan 33% neodrach. Ní mheasann ach 10% go bhfuil Cathair Bhaile Átha Cliath glan.

Méadú ar thonnáiste ábhair a bhailítear ó shaoráidí athchúrsála de réir ábhair (teicstílí, gloine, meascán tirim, ginearálta ó láithreáin taitneamhachta chathartha)

Mhéadaigh an tonnáiste comhcheangailte ábhar a bailíodh ó áiseanna athchúrsála de réir ábhar ó 21,002 tonna in 2024 go 22,333 tonna in 2025. Ina n-aonar, bhí laghduithe beaga ar thonnáiste gloine (<1%) agus ar athchúrsáil mheasctha thirim (5%), agus méaduithe ar thonnáiste teicstílí (24%) agus Ionaid Fóntas Poiblí (11%)

Dearcadh feabhsaithe na saoránach i leith sábháilteachta sa ríocht phoiblí

Dearcthaí sábháilteachta YDYV a d’fhan gan athrú bliain i ndiaidh bliana i rith an lae (68% go 69% i mí na Samhna 2025) agus a d’fheabhsaigh thar an tréimhse chéanna san oíche (35% go 37% i mí na Samhna 2025). Léirigh Suirbhé ar Mheon na Saoránach go mothaíonn 56% de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu sábháilte i rith an lae i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, agus go mothaíonn 19% sábháilte san oíche. Mothaíonn 55% neamhshábháilte i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath san oíche, agus mothaíonn 28% nach bhfuil siad sábháilte ar chor ar bith. Is lú an seans go mothaíonn cónaitheoirí nach den chine geal iad sábháilte i gCathair Bhaile Átha Cliath freisin – i rith an lae agus san oíche araon.

Tomhas bliantúil tráchta a thrasnaíonn Tródam na Canála miondealaithe de réir modh iompair

Líon iomlán na rothaithe agus na gcoisithe ag pointí comhairimh in 2025: 157,554,106

Áireamh bliantúil tráchta i gcroílár na Cathrach, arna mhiondealú de réir modh iompair, lena n-áirítear an modh coisithe

Déantar comhaireamh tráchta ag gach droichead feadh na Life i lár na cathrach gach Bealtaine agus déantar iad a mhiondealú de réir cineál modha

Scóráil Innéacs Ríocht na gCosán (NSI)

Beidh eolas ar fáil nuair a bheidh an CNMI críochnaithe

Méadú ar sciar an mhodha taistil ghníomhaigh - sprioc 25% faoi 2030.


Tá obair leanúnach ar siúl le ESRI chun sciar na modhanna taistil gníomhaí a thomhas trí dháta an daonáirimh reatha a chomhtháthú ar sciar na modhanna


Céatadán na gcónaitheoirí laistigh de 400 méadar ón Líonra Taistil Ghníomhaigh - sprioc íosta de 40% faoi 2029 agus 95% faoi 2034

Tá obair leanúnach ar siúl leis an ESRI chun céatadán na gcónaitheoirí laistigh de 400m den Líonra atá forbartha faoi láthair a thomhas

SPRIOC

**Treorú agus tacú le haistriú  
chathair Bhaile Átha Cliath,  
agus a pobal, chuig todhchaí  
shláintiúil, ísealcharbóin  
agus athléimneach ó thaobh  
na haeráide de**





## Cuspóir Straitéiseach 1:

### An iarracht chomhoibritheach a threorú chun an t-athrú sistéamach agus iompraíochta a theastaíonn chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach

Sa bhliain 2025, bunaíodh Roinn Aeráide agus Athléimneachta Uirbí i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Chruthaigh grúpa tras-rannach de 14 bhainisteoir shinsearach díriú athnuaite ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag ceann de na tionscadail iomadúla atá á stiúradh ag an gComhairle Cathrach ar an aeráid agus ar an gcaoi a bhfeabhsaíonn siad sláinte, folláine agus taitneamh na cathrach dár saoránaigh ag an am céanna. Leis an bhfócas seo, tá réimsí comhoibrithe grúpa aitheanta agus tá maoiniú faighte ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil don tionscadal Forbair Faiche an Choláiste. Cruthóidh an tionscnamh claochlaitheach sin do lár na cathrach réimse poiblí den scoth, agus cuirfidh sé go mór le hathléimneacht na cathrach i gcoinne na haeráide trí bhithéagsúlacht fheabhsaithe agus draenáil uisce dromchla atá bunaithe ar an dúlra.

Ceann de na príomhchúiseanna a bhain leis an maoiniú sin a fháil ná gur bhronn Coimisiún an AE lipéad Cathracha Aeráidneodracha Cliste ar an gComhairle Cathrach i mí na Bealtaine 2025. Leis an lipéad sin, tugadh ardán dúinn chun stocaireacht a dhéanamh ar son tacaíochta do thionscadail nuálacha breise ar leibhéal Roinne Rialtais.

Tacaíonn an Chomhairle Cathrach go láidir freisin le tionscadail áitiúla atá faoi stiúir an phobail trí thionscnamh amhail an Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, ag soláthar tacaíochta €2,000,000 do chaoga tionscadal ar fud na cathrach. Fógraíodh an dara céim den mhaoiniú go déanach in 2025 agus fuarthas freagra ollmhór. Fógrófar €2,000,000 eile i maoiniú do thionscadail in R1, 2026. Lean an fhoireann um ghníomhú ar son na haeráide de bheith ag óstáil imeachtaí bliantúla Sheachtain Ghníomhaíochta ar son na hAeráide i mí na Bealtaine 2025, ag tabhairt an teachtaireachta aeráide chuig réimse leathan geallsealbhóirí.

# Cuspóir Straitéiseach 2:

## Astaíochtaí gás ceaptha teasa in oibríochtaí na Comhairle Cathrach a laghdú go suntasach

Tá dul chun cinn leanúnach déanta ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ina cuid oibríochtaí trí mheascán de dhícharbónú flít, éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscnamh feidhmíochta foirgneamh.

Tá tairiscintí foilsithe agus conarthaí bronnta chun feithiclí leictreacha agus le hastaíochtaí ísle a chur in ionad flít na Comhairle. Tá soláthar ar siúl go gníomhach, ag tacú leis an aistriú céimnithe ó iompar bunaithe ar bhreoslaí iontaise agus ag cur le laghduithe intomhaiste astaíochtaí i ngníomhaíochtaí oibríochtúla.

Tá iniúchtaí fuinnimh de ghrád infheistíochta curtha i gcrích i gcás roinnt áiseanna tábhachtacha, lena n-áirítear Stáisiúin Dóiteáin agus na hIonaid Fóillíocht Bhaile Munna, Fhionnghlaise, Bhaile Formaid, agus Swan. Cuireann na hiniúchtaí seo bonn fianaise láidir ar fáil chun deiseanna a aithint chun fuinneamh a shábháil agus chun tús áite a thabhairt d'oibreacha iarfheistithe. Tá sé beartaithe samhail nua de Chonradh um Fheidhmíocht Fuinnimh (EPC) a fhorbairt do 2026, agus cuirfidh sé ar chumas uasghrádú mórsála ar éifeachtúlacht fuinnimh a sheachadadh le torthaí feidhmíochta ráthaithe.

Ina theannta na bearta sin, leanann an Chomhairle de réimse tionscnamh comhlántach a chur chun cinn a thacaíonn leis an gcuspóir straitéiseach seo. Áirítear leis sin:

- Uasghrádú leanúnach ar shoilsiú poiblí go teicneolaíocht LED, rud a laghdóidh tomhaltas leictreachais agus astaíochtaí gaolmhara go suntasach.
- Iarfheistiú foirgneamh corparáideach, lena n-áirítear insliú feabhsaithe, uasghrádú ar an gcóras téimh, agus comhtháthú teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite amhail fótavoltachas gréine.
- Cur i bhfeidhm córas monatóireachta agus bainistíochta fuinnimh chun tomhaltas a rianú agus athrú iompraíochta a spreagadh i measc áiseanna na Comhairle.
- Tacaíocht do thionscnamh maidir le taisteal gníomhach agus soghluaisteacht inbhuanaithe, a laghdaíonn astaíochtaí indíreacha a bhaineann le hoibríochtaí na Comhairle.

Le chéile, léiríonn na gníomhartha sin cur chuige struchtúrtha agus ilghnéitheach i leith laghdú astaíochtaí, ag teacht le spriocanna náisiúnta aeráide agus ag neartú tiomantas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do cheannaireacht ar ghníomhaíocht ar son na haeráide.





## Cuspóir Straitéiseach 3:

### **Athléimneacht agus acmhainn Bhaile Átha Cliath a threisiú chun tionchair aithnide agus anaithnide an athraithe aeráide a chosc, dul in oiriúint dóibh agus teacht slán ina ndiaidh**

Leanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de dhul chun cinn láidir a dhéanamh i dtreo a chuspóra straitéisigh maidir le hathléimneacht na cathrach agus a cumas chun tionchair aitheanta agus atá ag teacht chun cinn an athraithe aeráide a chosc, conas oiriúnú dóibh agus conas téarnamh uathu a neartú.

Is iad an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, Baile Átha Cliath atá Neodrach ó thaobh na hAeráide de 2030, agus Conradh Aeráide na Cathrach na príomhchreataí atá i gceannas ar aistriú na cathrach. Le chéile, leagann na doiciméid sin amach conair Bhaile Átha Cliath chun laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Tá cur i bhfeidhm leanúnach na ngealltanais sin rithábhachtach chun feabhas a chur ar chumas na cathrach tionchair aeráide a sheasamh agus freagairt chomhordaithe agus éifeachtach a chinntiú do rioscaí a bhaineann leis an aeráid.

I mí na Bealtaine 2025, bronnadh lipéad Cathracha Aeráidneodracha Cliste ar Bhaile Átha Cliath go hoifigiúil, a thug aitheantas do cheannaireacht agus uailmhian na cathrach. Neartaíonn an t-ainmniú seo ár ról laistigh de líonra níos leithne de chathracha Eorpacha atá neodrach ó thaobh aeráide de agus tacaíonn sé le rochtain ar shaineolas, nuálaíocht agus infheistíocht.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag comhoibriú go gníomhach le Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit, comhpháirtithe acadúla agus eagraíochtaí san earnáil phríobháideach. Tá an cur chuige uilechathrach sin rithábhachtach. Cuireann an t-athrú aeráide dúshlán chasta i láthair nach féidir le heagraíocht aonair aghaidh a thabhairt orthu léi féin, agus braitheann dul chun cinn ar ghníomhaíocht chomhordaithe, trasearnála.

- Leis na comhpháirtíochtaí seo, tá cathair níos sláintiúla, níos athléimní agus níos inbhuanaithe á tógáil ag Baile Átha Cliath—cathair a fhanfaidh mar áit tharraingteach le maireachtáil inti, le hobair inti agus le cuairt a thabhairt uirthi, anois agus i bhfad romhainn aron.

# Cuspóir Straitéiseach 4:

## Córais draenála uisce dromchla agus dobharlaigh na cathrach a bhainistiú

Lean Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena chuspóir corparáideach a chur chun cinn le linn 2025 chun córais draenála uisce dromchla agus dobharlaigh na cathrach a bhainistiú trí chur chuige cothrom, inbhuanaithe agus dírithe ar an todhchaí.

Forbairt thábhachtach in 2025 ab ea Córais Inbhuanaithe Draenála (SuDS), lena n-áirítear réitigh atá bunaithe ar an dúlra, a leabú mar riachtanas lárnach i ngach tionscadal réimse poiblí. Léiríonn sé sin tiomantas na Comhairle chun riosca tuilte a laghdú, cáilíocht uisce agus bithéagsúlacht a fheabhsú, agus chun a chinntiú go n-oibríonn spásanna uirbeacha i gcomhréir le próisis nádúrtha uisce.

In ionad a bheith ag brath go hiomlán ar an líonra píobaithe traidisiúnta, tugann an Chomhairle tús áite anois do bhonneagar glas comhtháite a mhoillíonn, a stóráilann agus a dhéanann cóireáil ar uisce báistí ag an bhfoinse, rud a neartaíonn cosaint an chomhshaoil agus athléimneacht aeráide araon. Léirítear an treo straitéiseach sin ar fud na cathrach trí roinnt tionscnamh eiseamláireach a bhí ar siúl i mbliana.

- Cuireann Tionscadal Glasbhealach & Athchóiriú Abhainn Sheantraibh cur chuige bunaithe ar dhobharcheantar i bhfeidhm a thugann feidhm nádúrtha na habhann ar ais agus a sholáthraíonn buntáistí éiceolaíocha agus áineasa ag an am céanna.
- Léiríonn tionscadal Rainscapes SuDS i mBaile Hearman conas is féidir draenáil atá bunaithe ar an dúlra a iarfheistiú i gcomharsanachtaí reatha chun rith chun srutha a bhainistiú ar bhealach níos inbhuanaithe agus áiseanna áitiúla agus bithéagsúlacht a fheabhsú ag an am céanna.
- I lár na cathrach, tá teimpléad nua á bhunú ag an Tionscadal Comhtháite Soghluaisteachta, Éiceolaíochta & Uiscí Nádúrtha atá ag teacht chun cinn. Aimseoidh sé an chothromaíocht idir soghluaisteacht, nádúr, bainistíocht uisce, agus cruthú áiteanna chun tacú le pobail níos inbhuanaithe agus níos inmharthana.

Le chéile, léiríonn na tionscadail sin uailmhian níos leithne na Comhairle córas bainistíochta draenála agus uisce a sheachadadh atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de, tairbheach go sóisialta, agus athléimneach i leith dhúshláin fhadtéarmacha an athraithe aeráide. Thacaigh an cur chuige comhtháite sin le comhlachtaí uisce níos sláintiúla, comharsanachtaí níos láidre, agus cathair níos inbhuanaithe do na glúine reatha agus do na glúine atá le teacht.



# Cuspóir Straitéiseach 5:

## Oibriú chun timpeallacht na cathrach a fheabhsú, lena n-áirítear cáilíocht an aeir

Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath athbhreithniú go rialta ar shonraí reatha agus stairiúla maidir le cáilíocht an aeir chun treochtaí fadtéarmacha a rianú, agus chun ceantair a bhfuil droch-chaighdeán aeir iontu a aithint. Cuireann an fhaisnéis sin eolas ar fáil maidir le príomhionaid truaillithe a aithint, lena n-áirítear ceantair ina sáraítear tiúchan  $\text{NO}_2$  agus ábhar cáithnínach go minic, rud a chuireann ar chumas tosaíocht a thabhairt do bhearta maolaithe. Cuidíonn monatóireacht le héifeachtacht straitéisí laghdaithe tráchta a mheas, agus cuidíonn sí le feabhsuithe a dhéanann na hidirghabhálacha sin ar cháilíocht an aeir a mheas. Cuireadh tionscadail spriocdhírthe chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an aeir i bhfeidhm in 2025 chun measúnú a dhéanamh ar thruailliú i gceantair a bhaineann le taisteal gníomhach, bonneagar iompair, agus feabhsuithe ar an réimse poiblí. Tá na hiarrachtaí sin mar chuid de Phlean Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá sé mar aidhm acu measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an aeir roimh agus tar éis bearta maolaithe a thabhairt isteach.

Sa bhliain 2025, fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maoiniú riachtanach ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) chun tacú le tionscnamh píolótach a bhfuil sé mar aidhm aige tiúchan dé-ocsaíd nítrigine ( $\text{NO}_2$ ) a laghdú ag príomhshuíomhanna monatóireachta. Tugann an tionscadal leanúnach sin tuiscint fheabhsaithe ar thionscnamh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go dtí seo agus a n-éifeachtaí ar leibhéal  $\text{NO}_2$  áitiúla. Léiríonn réamhthorthaí léargais luachmhara, lena n-áirítear tionchar an Tionscnaimh Soghluaisteachta do Chriosanna Scoile agus an gaol idir plódú tráchta, feithiclí réchasta, agus tiúchan arda  $\text{NO}_2$ . Ina theannta sin, tá comhghaol dearfach sainaitheanta ag an tionscadal idir feabhas ar cháilíocht an aeir, srianta tráchta agus taisteal gníomhach. Tá sé socraithe ag an tionscadal go bhfuil gá le tuilleadh monatóireachta áitiúla. Tá sé beartaithe monatóireacht  $\text{NO}_2$  a leathnú chun gabhdóirí íogaire a áireamh sna cúig shuíomh a bhfuil baint acu le sárúithe  $\text{NO}_2$  tuartha. Ina theannta sin, tá staidéar beartaithe chun measúnú a dhéanamh ar an méid a chuireann busanna príobháideacha le leibhéal  $\text{NO}_2$  sa chathair. Cuirfidh sé sin eolas ar fáil d'fhorbairt treochláir chuimsitheach  $\text{NO}_2$ , atá deartha chun caighdeán cháilíochta aeir a bhaint amach agus chun nochtadh do thruailléain a laghdú ar fud na cathrach.



# Cuspóir Straitéiseach 6:

## Freagairt agus ullmhacht éigeandála a chothabháil agus a fheabhsú agus daoine a chumasú chun fanacht sábháilte sa bhaile agus i mbun gnó

Sa bhliain 2025, lean Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (BDBÁC) leis an bhflít líne thosaigh a nuachóiriú, agus tháinig ceithre fhearas dóiteáin nua Aicme B i seirbhís. Neartaigh na feithiclí sin cumas oibríochtúil, d'fheabhsaigh siad amanna freagartha, agus thacaigh siad le comhrac dóiteáin sábháilte agus éifeachtach ar fud Bhaile Átha Cliath. Tá cosc agus oideachas sábháilteachta poiblí fós lárnach dár gcur chuige. Leanann an BDBÁC leis an Scéim Náisiúnta na nAláram Deataigh agus Clár Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin do Bhunscoileanna a chur i bhfeidhm, ag cur comhairle praiticiúil maidir le sábháilteacht dóiteáin chun cinn do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. In 2025, leanadh le pleanáil agus infheistíocht shuntasach laistigh d'Ionad Cumarsáide Réigiúnach an Oirthir (ICRO). Chinntigh feabhsuithe ar theicneolaíocht an tseomra rialaithe, ar chórais seolta agus ar bhonneagar cumarsáide gur seoladh an fhreagairt éigeandála is iomchuí agus is éifeachtaí chuig gach teagmhas. Bhí ról ríthábhachtach ag an ICRO maidir le hamanna freagartha a bharrfheabhsú agus ag cinntiú gur úsáideadh na hacmhainní is gaire agus is oiriúnaí gan mhoill trí chumas láimhseála glaonna a neartú, feasacht ar chásanna a fheabhsú agus tacaíocht a sholáthar d'úsáid dhinimiciúil acmhainní.



## BEARTA TORTHAÍ DO 2025

Laghdú céatadán ar astaíochtaí gás ceaptha teasa Bhaile Átha Cliath ó bhonnlíne 2018 (Sprioc 51% faoi 2030)

Tá an Fhoireann um Gníomhú ar son na hAeráide i mbun oibre le hOllscoil Mhá Nuad agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, chun uirlis dhigiteach a fhorbairt a thomhaisfidh an tionchar a bheidh ag na gníomhartha sa phlean gníomhaíochta ar son na haeráide ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú sa Chathair. Mar shealbhóir lipéad Cathracha Aeráidneodracha Cliste, tá an Chomhairle Cathrach ag iarraidh úsáid a bhaint as an uirlis phleanála cathracha neodrach ó thaobh fuinnimh a chuirfidh leis an obair atá ar siúl le comhpháirtithe acadúla.

Laghdú céatadán ar astaíochtaí ó oibríochtaí na Comhairle Cathrach ó bhonnlíne 2018 (Sprioc 51% faoi 2030)

31% (Foinse: Tuarascáil Bhliantúil na hEarnála Poiblí 2024)

Céatadán achair dromchla iarfheistithe le córais draenála inbhuanaithe (Sprioc: Laghdú íosta 20% ar urscaoileadh uisce dromchla isteach sa chóras draenála)

Ní dhéanaimid tomhas air sin faoi láthair. Tosóimid ag rianú beart simplithe (30% den achar iomlán le draenáil trí chóras SuDS) do scéimeanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a théann tríd an bpróiseas planála. Ní gá do go leor scéimeanna de chuid na Comhairle Cathrach dul tríd an bpróiseas planála, agus is minic a chuirtear SuDS i bhfeidhm ar na scéimeanna sin níos lú ná mar is gá.

Laghdú ar leibhéal truaillithe aeir chun a chinntiú go gcomhlíonann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath treoirluachanna cáilíochta aeir na hEagraíochta Domhanda Sláinte faoi 2030 (Sprioc: laghdú bliantúil a bhaint amach ar leibhéal NO<sub>2</sub> chun a chinntiú nach sárófar teorainnuach 10mg in aghaidh an m3 faoi 2030)

Leanadh le monatóireacht áitiúil ar cháilíocht an aeir ar feadh 2025, agus suiteáladh feadán leata i scoileanna mar chuid den Tionscnamh Soghluaisteachta do Chriosanna Scoile. Cuireadh tús le roinnt tionscadal cáilíochta aeir in 2025 agus suiteáladh anailíseoirí NO<sub>2</sub> fíor-ama in áiteanna inar cuireadh srianta tráchta i bhfeidhm ag Sráid Ghairdinéir, Sráid Anna Theas, Sráid na Parlaiminte, Rae an Iarthair/Sráid an Phiarsaigh. Suiteáladh anailíseoir ag suíomh soir ó thuaidh ó stáisiún Heuston chun tionchar na dtraenacha ar leibhéal NO<sub>2</sub> a chinneadh, go háirithe nuair a bhíonn na gaotha i dtreo na bpríomhghaoithe thiar theas.

Céatadán na gcásanna i dtaca le dóiteáin inar tháinig an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad / Céatadán na gcásanna i dtaca le teagmhais éigeandála eile go léir inar tháinig an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad (NSI)

In 72.5% de theagmhais dóiteáin, bhí an duine ag freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad. In 70.32% de theagmhais neamhdóiteáin, bhí an duine ag freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad.

An meán-am a thóg sé, i nóiméid, briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiún Lánaimseartha le haghaidh dóiteán / Meán-am a thóg sé, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiún Lánaimseartha le haghaidh gach eachtra éigeandála (neamhdhóiteáin) eile (NSI)

Ba é 1n52s an meán-am a thóg sé stáisiún dóiteáin lánaimseartha a chuir i bhfeidhm chuig tine, agus i gcás teagmhas nach raibh baint acu le tine, ba é 2n0s an t-am sin. Thóg sé 7n7s stáisiún dóiteáin ar áirithíocht a chur i bhfeidhm i gcás dóiteáin agus 6n39s i gcás teagmhas nach raibh baint acu le tine.

Líon na n-aláram deataigh a dáileadh ar thithe agus ar eagraíochtaí pobail


Dáileadh 2,600 aláram deataigh agus 50 aláram do dhaoine ag a bhfuil deacrachtaí éisteachta

# Ár Spriocanna Cumasaithe



SPRIOC

**Leanúint ar aghaidh ag neartú ár n éifeachtachta eagraíochtúla ionas go ndéanfaimid freastal níos fearr ar Bhaile Átha Cliath agus ar a phobail**



# Cuspóir Straitéiseach 1:

**Díriú ar na gnéithe bunúsacha agus ár seirbhísí riachtanacha, laethúla a chur ar fáil go comhsheasmhach, agus cur le cathair ghlan, ghlas, shábháilte, inchónaithe, inrochtana agus bhríomhar do chách**

Leanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le tús áite a thabhairt do sheachadadh seasmhach seirbhísí riachtanacha líne thosaigh, lena n-áirítear glanadh sráideanna, bainistíocht dramhaíola, cothabháil bóithre, soilsiú poiblí, páirceanna agus tithíocht.

Tacaíonn cothabháil rialta agus idirghabhálacha spriocdhírthe le réimse poiblí glan, sábháilte agus inrochtana, agus cuireann tionscnamh comhshaoil leanúnacha le cathair níos glaise agus níos ináitrithe. Tá sábháilteacht agus inrochtaineacht an phobail fós lárnach, agus tacaítear leo trí chur chuige comhordaithe agus seachadadh seirbhíse freagrúil.

Cinntíonn an fócas seo ar sheirbhísí lárnacha go bhfanfaidh an Chathair dea bhainistithe, bríomhar agus freagrúil do riachtanais chónaitheoirí, gnólachtaí agus cuairteoirí.

Sa bhliain 2025, lean Iosta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach (IOTC), mar aon leis na hiostaí ar an Taobh Theas den chathair, de ról lárnach a imirt i seachadadh seirbhísí oibríochtúla tras-earnálacha na Comhairle. Ag feidhmiú ar bhonn 24/7 i rith na bliana, chuir na hiostaí sin taca faoi iarrachtaí na Cathrach Baile Átha Cliath a choinneáil níos glaine, níos inbhuanaithe, níos ináitrithe agus níos sábháilte.



# Cuspóir Straitéiseach 2:

## Oibriú i gcomhar le chéile mar Chomhairle Amháin, Foireann Amháin

Sa bhliain 2025, neartaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a tiomantas oibriú i gcomhar le chéile mar Chomhairle Amháin, Foireann Amháin, ag ailíniú foirne, acmhainní agus próisis chinnteoireachta taobh thiar de thosaíochtaí eagraíochtúla comhroinnte. A bhuí le hailíniú níos fearr ar fud ár gcreat pleanála corparáideach, seirbhíse agus fórsa saothair don timthriall 2025, tá feabhas tagtha ar chomhsheasmhacht agus ar shoiléireacht inár bpleanáil agus inár dtuairisciú, agus cothaíonn sé sin cultúr níos láidre d'úinéireacht chomhpháirteach agus de thorthaí comhroinnte.

Lean nuálaíocht agus athrú digiteach de bheith mar bhonn agus taca ag obair chomhoibríoch, agus ranna ag glacadh le córais chomhroinnte, ag déanamh iniúchadh ar ardáin sonraí comhtháite agus ag treorú teicneolaíochtaí nua a chuir ar chumas na foirne oibriú ar bhealach níos solúbtha agus níos éifeachtaí. Taispeántar samplaí de chuid de na tionscadail sin thíos:

- Seoladh comhpháirtíocht Shaotharlann Gen AI Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le hIonad Taighde ADAPT chun úsáid fhéideartha na hintleachta saorga i seirbhísí poiblí a fhiosrú, lena n-áirítear seimineár gréasáin a óstáil le breis agus 250 duine i láthair chun Treoirínte maidir le hÚsáid Teicneolaíochtaí Gen AI ag an bhFoireann sa Chomhairle Cathrach a sheoladh.
- Reáchtáladh 18 gceardlann i láthair go pearsanta ar expl[AI]n do bhreis is 200 ball foirne (modúl ar fhorbairt feasachta) agus cuireadh leagan ríomhfhoghlama i bhfeidhm do bhreis is 3000 fostaí
- Tacaíodh le 7 dtionscadal phiolótach nuálaíochta trí cheantair Ceantar na nDugaí Cliste agus BÁC8 Cliste, lena n-áirítear; braiteoirí leibhéal na habhann le haghaidh gníomhaíochtaí uisce agus comharchumann peile na bhfear.
- Leanadh ar aghaidh le hiniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí cúpla digiteacha do chathracha trí thionscadal Athléimneachta Twin 4 an AE agus ag forbairt samhlacha 3T chun tacú leis an tascfhórsa sa chathair, rannpháirtíocht na saoránach agus freagairt éigeandála.

D'fhan sé mar fhreagracht chomhchoiteann Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a leabú. Thar na heagraíochta cuireadh straitéisí agus pleananna nua i bhfeidhm faoin "Dualgas", lena n-áirítear an Straitéis Tithíochta, an Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2025-2027 agus ár mbeartas um Obair Gan Teorainneacha.


In 2025, leagamar amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe i gcoinne na spriocanna straitéiseacha inár dtuairisciú corparáideach agus inár raon seirbhísí. Leis an bhfaisnéis inár bhfoirgnimh agus ar líne, d'fhéadfadh an fhoireann a gcuid cúnaimh le baint amach na SFInna a aithint go díreach.

Leanamar orainn ag cur faisnéise, nuachta agus imeachtaí tábhachtacha ar fáil don fhoireann ar ár n-inlíon foirne, CitiDesk, agus thugamar isteach gné nua dar teideal Saol na Gaeilge, áit a bhfuil deis ag an bhfoireann anois smaointe agus nuacht a roinnt lena chéile i nGaeilge.

Tugadh aitheantas do chomhghleacaithe ar fud na Comhairle Cathrach as a gcuid éachtaí eisceachtúla tríd an gClár Dámhachtainí Foirne na 3 Chaisleán, ag ceiliúradh sármhaitheasa ar fud Chomhairle na Cathrach.

## SPRIOC

**Ár ndaoine, ár n-áiteanna agus ár mbealaí oibre, ár gcreat rialachais, agus ár dteicneolaíocht a fhorbairt chun cur ar chumas na heagraíochta a bheith oiriúnach don todhchaí agus seirbhísí den scoth, inrochtana, dírithe ar shaoránaigh a sholáthar**



# Cuspóir Straitéiseach 1:


## Muinín a neartú sa Chomhairle Cathrach trí dhea-rialachas, bainistíocht seirbhíse ardchaighdeáin, cumarsáid réamhghníomhach, agus rannpháirtíocht chuimsitheach saoránach

Neartaíodh rialachas ar fud Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le cur i bhfeidhm leanúnach an Creat Bainistíochta Riosca, go sonrach trí fhorbairt 12 Chlár Riosca na Rannóige nua atá ag teacht lenár gcuspóirí straitéiseacha, agus meánráta críochnaithe athbhreithnithe ráithiúla de 90%. Comhaontaíodh an chéad Ráiteas Inghlacthachta Riosca don Chomhairle Cathrach, agus thug cur i bhfeidhm córais nua bainistíochta riosca dearbhú breise don Ghrúpa Stiúrtha um Riosca & Athléimneacht, do Chomhaltaí Tofa, don Choiste Iniúcháireachta agus do na páirtithe leasmhara.

Rinneadh athnuachan ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach, rud a chuir feabhas ar eispéireas an chustaiméara agus ar ghnéithe inrochtaineachta. Áiríodh leis na feabhsuithe réimse rialachais nua, atá ag teacht le prionsabail Chód Rialachais an Rialtais Áitiúil. Cuireann branda athnuaite, a críochnaíodh in 2025 agus a seoladh i mí Eanáir 2026, féiniúlacht nua-aimseartha ar fáil, agus ciallaíonn sé go bhfuil sé níos éasca an Chomhairle Cathrach agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil a aithint agus nascadh leo. Cuireadh sócmhainní agus treoirlínte an bhbranda ar fad ar fáil ar an Mol Acmhainní Cruthaitheacha a seoladh le déanaí, rud a thug rochtain éasca ar na sócmhainní agus na treoirlínte go léir don fhoireann, do Chomhaltaí Tofa agus d'eagraíochtaí comhpháirtíochta.

Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tuairisciú ar fheidhmíocht seirbhísí i gcoinne na meadarachtaí comhaontaithe mar chuid den Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil. Chuireamar tús le tionscadal in 2025 chun feabhas a chur ar ár dtuairisciú ar tháscairí feidhmíochta trí struchtúr nua atá dírithe ar thionchar a fhorbairt dár suíomh gréasáin. Leis an dearadh athnuaite agus dinimiciúil, beidh sé níos éasca do Chomhairleoirí, do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmíocht sheirbhísí na Comhairle Cathrach. Beidh an Tuairisciú Tionchair nua, atá á fhorbairt faoi láthair, ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus tá sé beartaithe é a chur i bhfeidhm in R2 2026.

Sa chéad bhliain iomlán, fuair an t-ardán comhairliúcháin dhigitigh corparáideach, Engage, 1,480 rannpháirtí nuachlártaite. Bhí 6,054 rannpháirtí san iomlán i 49 comhairliúchán ar réimse ábhar, ó phleanáil agus tithíocht go háiseanna pobail agus spóirt. I rith na bliana, tugadh cuireadh do dhaoine i ngach ceantar den chathair a n-aiseolas a roinnt.




# Cuspóir Straitéiseach 2:

## Dlús a chur leis an turas i dtreo soláthair seirbhíse atá dírithe ar an saoránach, bunaithe ar shonraí agus digiteach, agus cultúr claochlaithe agus feabhsúcháin leanúnaigh a dhaingniú

Foilsíodh Straitéis um Chlaochlú Digiteach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2025, ag bunú fíis chomhroinnte maidir le conas a chomhoibreoidh ár bhfoirne Digiteacha, Sonraí, Cathrach Cliste agus Seirbhísí Faisnéise chun seirbhísí a nuachóiriú agus torthaí a fheabhsú do shaoránaigh agus d'fhoireann. Seo a leanas roinnt de na príomhéachtaí:

- Tá 75 seirbhís dhigiteach atá dírithe ar shaoránaigh ar fáil don phobal anois, lena n-áirítear Tithíocht Inacmhainne agus Ligean Roghabhunaithe.
- Seolfar Tairseach Chomhairleoirí tiomnaithe do Chomhaltaí Tofa chun Rúin agus Ceisteanna a bhainistiú in R2 2026
- Tá uirlisí digiteacha leabaithe anois i mbeagnach gach roinn de chuid na Comhairle, rud a spreagann bealaí oibre níos éifeachtaí agus níos ceangailtí
- Cruthaíodh deaiseanna anailísíochta chun tacú le seirbhísí do chustaiméirí, seirbhísí corparáideacha, tithíocht, aeráid agus iompar, agus cuireadh tacaíocht innealtóireachta sonraí ar fáil do thionscadail eagraíochtúla tábhachtacha
- Tá straitéis chorparáideach um Shamhaltú Faisnéise Foirgnimh (SFF) déanta, agus tá treoclár cur chun feidhme á fhorbairt – baineann sé sin le gnéithe beartais, próisis, daoine agus teicneolaíochta
- Tá tionscadail tosaithe a bhaineann le rialachas sonraí agus bainistíocht doiciméad, agus maolóidh siad sin na rioscaí a bhaineann le sócmhainní faisnéise corparáideacha a stóráil, a chothabháil agus a úsáid, agus cuirfidh siad acmhainní feabhsaithe ar fáil d'fhostaithe agus do shaoránaigh aron.
- Tá páirtithe leasmhara ar fud Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag méadú a n-úsáide as sonraí geospásúla, ag baint leasa as ardán nua ArcGIS Online (AGOL) chun foinsí faisnéise tábhachtacha a chur i láthair agus a léirshamhlú trí léarscáileanna dinimiciúla agus feidhmchláir idirghníomhacha.
- Tá thart ar 200 tacar sonraí oscailte foilsithe ar ardán sonraí oscailte réigiúnach Bhaile Átha Cliath Cliste.





## Cuspóir Straitéiseach 3:

### **Ionaid oibre agus spásanna oibre na Comhairle Cathrach a dhéanamh éifeachtúil ó thaobh carbóin de agus iad deartha chun freastal níos fearr ar riachtanais athraitheacha na n úsáideoirí uile**

Lean Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2025 lena hathbhreithniú ar eastát riaracháin, agus bhí sé mar aidhm aige éifeachtúlacht carbóin a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil ionaid oibre oiriúnach don chuspóir chun freastal ar riachtanais athraitheacha na foirne, úsáideoirí seirbhísí agus an phobail.

Áirítear le punann mhaoine na Comhairle réimse leathan cineálacha éagsúla foirgneamh—amhail oifigí cathartha, ionaid oibríochta, leabharlanna, oifigí tithíochta agus áiseanna cultúir. Cuireann an éagsúlacht sin dúshlán agus deiseanna araon i láthair maidir le cur chuige comhsheasmhach a sheachadadh i leith dícharbónú agus feabhsú san ionad oibre. Tá clár struchtúrtha ar uasghrádú fuinnimh, iarfheistiú agus barrfheabhsú spáis ar siúl ar fud an eastáit, agus tugtar tús áite do na foirgnimh a bhfuil an acmhainneacht is mó acu chun fuinneamh a shábháil agus taithí úsáideora feabhsaithe a sholáthar.

Tá an Chomhairle ag déanamh athbhreithniú ar a bpríomhchóiríocht oifige ag an am céanna, lena n-áirítear na hOifigí Cathartha, chun oiriúnacht a mheas i gcomhthéacs cleachtas oibre nua-aimseartha agus digiteacha, spriocanna aeráide, agus riachtanais eagraíochtúla fadtéarmacha. Cuireann an t-athbhreithniú sin feidhmíocht foirgneamh, riachtanais oibre cumaisc, agus deiseanna le haghaidh comhdhlúthaithe nó athfhorbartha san áireamh.

Athosclaíodh an naíolann ar an láthair in 2025 tar éis athchóiriú iomlán, agus rinneadh uasghrádú ar an gcóras closamhairc sna seomraí cruinnithe agus sna hoifigí go léir sna hOifigí Cathartha.



## Cuspóir Straitéiseach 4:

**Ár bpost mar fhostóir de rogha a neartú, tallann a choinneáil agus a mhealladh, agus ár bhfórsa saothair a fhorbairt ionas go mbeidh na scileanna, an cumas agus an tsolúbthacht againn chun freagairt go héifeachtach do riachtanais athraitheacha ár n eagraíochta agus na cathrach**

In 2025, lean an Chomhairle ag neartú a sheasamh mar roghfhostóir trí thionscnamh earcaíochta straitéisí, forbartha tallann agus folláine fostaithe a chur chun cinn. Mheall 105 feachtas earcaíochta breis is 10,798 iarratas san iomlán, rud a d'fhág go raibh 782 ceapachán nua ann agus go raibh 6,217 duine fostaithe ag an gComhairle. Thacaigh for-rochtain spriocdhírthe trí na meáin shóisialta, aontaí gairmeacha, scoileanna agus coláistí le hiarrthóirí ardchaighdeáin a mhealladh i ngach grád. Ghin leathanach Gairmeacha LinkedIn Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 83,613 amharc ar fhógraí poist agus ráta comhshó 8.5% chuig iarratais.

Leis an mbéim láidir ar uasoiliúint agus ar fhorbairt gairme, ghlac 2,234 fostaí páirt i gcláir oiliúna, agus cuireadh 2,736 lá oiliúna ar fáil thar 132 cúrsa. Tacaíodh le 111 fostaí eile faoin Scéim Cúnaimh, agus leathnaíodh an clár Mná i gCeannaireacht go Grád 8 go rathúil, rud a spreag comhionannas inscne agus cumas ceannaireachta.

Bhí folláine agus sábháilteacht na bhfostaithe fós ina bpríomhthosaíochtaí, agus chuir an tAonad Sláinte, Sábháilteachta agus Folláine 3,000 lá oiliúna ar fáil trí réimse sainchláir éigeantacha. Cuireadh breis is 27 imeacht folláine ar siúl, agus ghlac 498 fostaí páirt iontu agus thacaigh siad le cultúr dearfach, sláintiúil agus athléimneach san ionad oibre.



## Cuspóir Straitéiseach 5:

**Cur ar chumas na heagraíochta a spriocanna a chomhlíonadh agus tacú le bealaí oibre nua trí thimpeallacht teicneolaíochta atá éifeachtach, slán agus forchéimnitheach a chur ar fáil**

In 2025, lean an fheidhm TFC de bheith ag tacú le spriocanna na heagraíochta trí thimpeallacht teicneolaíochta iontaofa, shlán agus réamhbhreathnaitheach a sholáthar. Rinneadh bainistíocht ar bhreis is 45,000 iarratas seirbhíse laistigh de na Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (SLAnna) a comhaontaíodh, agus léirigh sé sin feidhmíocht oibríochtúil láidir agus fócas comhsheasmhach ar thacaíocht d'úsáideoirí.

Bhí seachadadh tionscadal láidir fós, le breis is 65 tionscadal TFC gníomhach ag aon am ar leith, agus gach ceann acu ag dul trí chéimeanna modheolaíocht chorparáideach na heagraíochta. Chinntigh sé sin rialachas struchtúrtha, seachadadh intuatha, agus ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha.

Chun bealaí nua oibre a chumasú níos mó, tá timpeallacht oibre nua á cur i bhfeidhm do gach ball foirne. Tacaíonn sé sin le hobair chumaisc, feabhsaíonn sé slándáil, agus soláthraíonn sé uirlisí nua-aimseartha do líon méadaitheach úsáideoirí digiteacha. Léiríonn an cur i bhfeidhm an méadú suntasach ar úsáideoirí TF i rith na bliana agus neartaíonn sé tiomantas na heagraíochta do thírdhreach teicneolaíochta forásach agus solúbtha.

## BEARTA TORTHAÍ DO 2025

Ráta muiníne saoránach méadaithe

Léiríonn Suirbhé ar Mheon na Saoránach go bhfuil muinín ag 27% de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu go ngníomhóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar mhaithe le leas an phobail agus chónaitheoirí Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá muinín ag 21% de na freagróirí as freagrúlacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, trédhearcacht a cuid oibre agus pleananna agus a dtiomantas d'inhuanaitheacht agus folláine fhadtéarmach na cathrach.

Méadú ar rannpháirtíocht/teagmhálacha le grúpaí aitheanta inár gcomhairliúcháin

Níl sé ar fáil do 2025

Céatadán na seirbhísí ábhartha a sholáthraítear ar líne (Sprioc 90% faoi 2030)

Méadú 17% (ó 75 go 88 seirbhís atá ar fáil anois ar ár n-ardán)

Feabhas céatadán ar rátaí sástachta úsáideoirí seirbhíse maidir le príomhsheirbhísí

Mhéadaigh an céatadán feabhsúcháin i sástacht chustaiméirí leis na seirbhísí a cuireadh ar fáil ag an deasc fáiltithe faoi 1% ó 79% go 80%

Laghdú céatadán ar ídiú fuinnimh inár n-oifigí, iostaí agus áiseanna

Níl na figiúirí ar fáil

Laghdú céatadán ar theagmhais agus ar thimpistí san ionad oibre

Níl na figiúirí ar fáil fós

Méadú céatadán ar mheon dearfach fostaithe


Suirbhé fostaithe le heisiúint in 2026 mar chuid den Straitéis Daoine

Rátaí athraithe agus coinneála fostaithe

Ráta Athraithe Fostaithe: 8.11%  
Ráta Coinneála: 92.2%


Costas soláthair TFC mar % den chaiteachas ioncaim (NSI)

Beidh eolas ar fáil nuair a bheidh an CNMI críochnaithe



SPRIOC

**Tacú le soláthar éifeachtach agus trédhearcach próiseas daonlathach agus reachtúil trí rialachas láidir agus tacaíocht chinnteoireachta**





## Cuspóir Straitéiseach 1:

### Tacú leis na Comhaltaí Tofa chun a ról a chomhlíonadh i ndáil le hionadaíocht dhaonlathach agus feidhmiú a bhfeidhmeanna forchoimeáda

Tá tacaíocht leanúnach rialachais, riaracháin agus nós imeachta curtha ar fáil don Phríomhfheidhmeannach, don Ard-Mhéara agus do na Comhaltaí Tofa ionas gur féidir leo a ról dhaonlathacha agus reachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach. Chinntigh sé sin go ndéantar cruinnithe na Comhairle, an Ghrúpa Beartais Chorpáraídeach, agus an Choiste Prótacaíl a oibriú go héifeachtúil, rud a thacaíonn le cinnteoireacht eolach agus le feidhmiú feidhmeanna coimeáda. Leantar de sheirbhísí bainistíochta cruinnithe cuimsitheacha a sholáthar, lena n-áirítear ullmhú clár oibre, comhordú tuarascálacha, miontuairiscí a scríobh, agus ceanglais reachtúla a chomhlíonadh. Thacaigh sé sin le trédhearacht, cuntasacht agus comhlíonadh caighdeáin rialachais.

Chomh maith leis sin, tugadh tacaíocht do Chomhaltaí Tofa trí fhaisnéis thráthúil chruinn, ábhair eolais, agus rochtain ar chórais dhigiteacha a sholáthar chun rannpháirtíocht, cumarsáid agus maoirseacht a éascú. Tá deiseanna oiliúna agus forbartha leanúnacha curtha ar fáil chun tuiscint na gComhaltaí ar a ról, a bhfreagrachtaí reachtacha agus a réimsí beartais a neartú. Ina theannta sin, cuireadh tacaíocht ar fáil chun rannpháirtíocht agus ionadaíocht an phobail a éascú, lena n-áirítear riaradh rúin, ceisteanna agus comhfhreagrais, ag cinntiú go ndéantar saincheisteanna áitiúla a ardú agus a réiteach go héifeachtach laistigh den phróiseas daonlathach. Le chéile, chuir na tacaíochtaí sin le feidhmiú réidh struchtúr an rialtais áitiúil, ionas gur féidir le Comhaltaí Tofa ionadaíocht a dhéanamh go héifeachtach ar a ndáilcheantair agus a bhfeidhmeanna forchoimeáda a chomhlíonadh i gcomhréir leis na ceanglais reachtacha agus rialachais.

# Cuspóir Straitéiseach 2:

## Comhlíonadh ár gceanglas dlíthiúil a chumasú agus tacú leis trí sheirbhísí dlí tráthúla praiticiúla a bheith ar fáil do gach réimse feidhme den Chomhairle

Neartaigh forbairt leanúnach ár Roinne Dlí cumas na Comhairle a hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh a thuilleadh trí sheirbhísí dlíthiúla tráthúla, praiticiúla agus dírithe ar réitigh a sholáthar do gach roinn. Le linn 2025, thacaigh an Roinn Dlí le comhlíonadh eagraíochtúil agus dea-rialú le sraith ceardlann inmheánach do bhaill foirne Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar réimsí tábhachtacha a chur ar fáil, lena n-áirítear conclúid conarthaí, ceannach maoine, agus diúscairt maoine.

Seoladh clár oiliúna nua um chosaint sonraí ar bhonnleibhéal go rathúil ar ardán ríomhfhoghlama Chomhairle Cathrach, ag cinntiú go bhfuil rochtain ag an bhfoireann ar fad ar threoracha riachtanacha maidir lena bhfreagrachtaí reachtúla. Ag an am céanna, rinne an Roinn Dlí dul chun cinn ar a clár dlíodóir faoi oiliúint, agus chuaigh daoine faoi oiliúint bhreise ar aghaidh i dtreo cáilíochta in 2026 agus 2027, agus feabhsaíonn sé sin cumas dlí inmheánach amach anseo.

Cuir an Roinn Dlí comhdháil um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) i mí na Samhna 2025 do Chomhlachas Barra Aturnaetha na nÚdarás Áitiúil. D'fhreastail breis is 60 aturnae agus aoi de chuid na n-údarás áitiúil ar an ócáid. Neartaigh sé sin ról na Comhairle Cathrach mar cheannaire i gcleachtas dlí an rialtais áitiúil agus chuir sé le foghlaim chomhroinnte ar fud na hearnála.



## BEARTA TORTHAÍ DO 2025

Suirbhé ar Shástacht na gComhairleoirí

Gan tosú

Leibhéal méadaithe úsáide Thairseach na gComhairleoirí

Rinneadh tástáil phíolótach ar Thairseach na gComhairleoirí le haghaidh Ceisteanna agus Rún do Choiste an Cheantair Láir agus do Chruinnithe Míósúla na Comhairle.

Forbraíodh sceideal oiliúna do na Comhairleoirí go léir agus don fhoireann ábhartha chun é a chur i bhfeidhm do na Coistí Ceantair ar fad.

Líon na n-iarratas um Shaoráil Faisnéise

- Taifeadta
- Oscailte
- Faoi réir Athbhreithniú Inmheánach
- Arna chur faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Líon na n-iarratas a taifeadh / a osclaíodh: 825

Líon na n-iarratas atá faoi réir Athbhreithniú


Inmheánach: 25

Líon na n-iarratas a cuireadh faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Faisnéise: 14



SPRIOC

**An bonn airgeadais agus an timpeallacht teicneolaíochta a sholáthar a chuireann ar chumas na heagraíochta a seirbhísí a chothabháil, a fhás agus a fheabhsú**





## Cuspóir Straitéiseach 1:

### **Bonn maoinithe inbhuanaithe, rialachas agus cuntasacht airgeadais láidir a sholáthar agus tacú le luach ar airgead inár n-oibríochtaí**

D'éirigh leis an gComhairle Cathrach oibriú chun an Cháin Maoine Áitiúil a choinneáil ag an mbunráta le linn 2025, agus tugann sé sin €16.4m breise in aghaidh na bliana don Chathair go dtí 2029. Chuir comhchoiste ionadaithe ó CBSanna Airgeadais & Tithíochta, mar aon leis an bhFeidhmeannas, athrú i bhfeidhm ar an Scéim Cíosanna Dífreálacha de chuid Chíosanna Tithíochta den chéad uair ó 1996. Cuirfear an scéim nua i bhfeidhm i mí Aibreáin 2026, agus cuirfear €24.8m ar fáil in 2026 agus €33m do bhliain iomlán in 2027. Úsáidfear an t-ioncam breise sin chun maoiniú a dhéanamh ar Chlár Caipitil de chuid Cothabháil Tithíochta agus chun spleáchas na Comhairle ar iasachtaí a laghdú.

Bhí cumarsáid leanúnach idir an Oifig Rátaí agus Tailte Éireann chun luacháil inrátáilte cothrom le dáta ar an gCathair a chinntiú. Tacaíonn an Roinn Airgeadais le hobair ár gcomhghleacaithe sa Chomhairle Cathrach trí dhul i ngleic le saincheisteanna rialachais a bhaineann le Plean Athnuachana Lár na Cathrach, Cíos de réir Costais agus Dramhaíl go Fuinneamh. Thángthas ar chomhaontú in R4 2025 leis an CBS Airgeadais chun grúpa oibre a bhunú don Tobhach Cuairteoirí Neamhbhuana i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath.

## BEARTA TORTHÁÍ DO 2025

Spríodhátaí do Bhuiséid Bhliantúla Ioncaim & Caipitil, Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus Iniúchadh Reachtúil a chomhlíonadh

Buiséad Ioncaim 2026 glactha i mí na Samhna 2025. Clár Caipitil 2025 - 2027 curtha faoi bhráid na comhairle i mí Feabhra 2025. Dréacht-RAB curtha faoi bhráid na comhairle i mí na Bealtaine 2025. Tuarascáil iniúchta RAB & LGA curtha faoi bhráid na comhairle i mí Dheireadh Fómhair 2025

Céatadán na rátaí tráchtála a bailíodh

Tá bailiú rátaí tráchtála fós láidir ag 94%

